2025/302

20.2.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/302 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Deireadh Fómhair 2024

lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na foirmeacha, na teimpléid agus na nósanna imeachta caighdeánacha d'eintitis airgeadais chun mórtheagmhas a bhaineann le TFC a thuairisciú agus chun fógra a thabhairt faoi chibearbhagairt shuntasach

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014, (AE) Uimh. 909/2014 agus (AE) 2016/1011 ([1]), agus go háirithe Airteagal 20, an ceathrú mír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun a áirithiú go dtuairisceoidh eintitis airgeadais mórtheagmhais dá n-údaráis inniúla ar bhealach comhsheasmhach agus chun a áirithiú go soláthróidh siad sonraí ar ardchaighdeán do na húdaráis sin, ba cheart a shonrú cé na réimsí sonraí is gá d'eintitis airgeadais a sholáthar ag na céimeanna éagsúla den tuairisciú dá dtagraítear in Airteagal 19(4) de Rialachán (AE) 2022/2554. Tá sé tábhachtach go gcuirfí an fhaisnéis sin i láthair ar bhealach a fhágann gur féidir forléargas amháin a thabhairt ar an teagmhas. Is gá, dá bhrí sin, teimpléad tuairiscithe aonair a leagan síos chun na gcríoch sin.

(2) Ba cheart d'eintitis airgeadais na réimsí sonraí sin den teimpléad tuairiscithe a chomhfhreagraíonn do cheanglais faisnéise an fhógra nó na tuarascála faoi seach a chomhlánú. Ba cheart cead a bheith ag eintitis airgeadais a bhfuil faisnéis acu cheana féin atá le soláthar acu ag céim tuairiscithe níos déanaí, i.e. sa tuarascáil idirmheánach nó sa tuarascáil chríochnaitheach, cur isteach na sonraí a réamh-mheas, áfach.

(3) Ós rud é go bhféadfadh teagmhais iolracha nó atarlaithe a bheith ina mórtheagmhas dá dtagraítear in Airteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1772 ón gCoimisiún ([2]), ba cheart dearadh an teimpléid tuairiscithe agus na réimsí sonraí a chur ar a gcumas d'eintitis airgeadais teagmhais atarlaithe den sórt sin a thuairisciú.

(4) Chun faisnéis chruinn agus cothrom le dáta a áirithiú, ba cheart don teimpléad tuairiscithe é a chur ar a gcumas d'eintitis airgeadais, agus an tuarascáil idirmheánach agus chríochnaitheach á cur isteach acu, aon fhaisnéis a cuireadh isteach roimhe sin a thabhairt cothrom le dáta, agus i gcás inar gá mórtheagmhais a athaicmiú mar theagmhais nach mórtheagmhais iad.

(5) Ba cheart sainaithint dhlíthiúil eintiteas a ailíniú leis na haitheantóirí a shonraítear sna caighdeáin theicniúla cur chun feidhme arna nglacadh de bhun Airteagal 28(9) de Rialachán (AE) 2022/2554.

(6) I gcás ina ndéanann eintitis airgeadais na móroibleagáidí tuairiscithe teagmhas a bhaineann le TFC a sheachfhoinsiú chuig tríú páirtí, ba cheart d'údaráis inniúla a bheith ar an eolas faoi chéannacht an tuairiscithe tríú páirtí thar ceann an eintitis airgeadais sula gcuirtear isteach an chéad fhógra nó an chéad tuairisciú, chun dlisteanacht an tuairiscithe tríú páirtí a fhíorú.

([1]) (IO L 333, 27.12.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2554/oj).

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1772 ón gCoimisiún an 13 Márta 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na critéir maidir le haicmiú teagmhas a bhaineann le TFC agus cibearbhagairtí, lena leagtar amach tairseacha ábharthachta agus lena sonraítear sonraí tuairiscithe mórtheagmhas (IO L, 2024/1772, 25.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/1772/oj).

(7) Chun tionchar teagmhais a tharla ag soláthraí tríú páirtí, nó arbh é soláthraí tríú páirtí ba chúis leis, a shainaithint go héasca, ar teagmhas é a dhéanann difear d'eintitis airgeadais iomadúla laistigh de Bhallstát aonair, agus chun an iarracht tuairiscithe d'eintitis airgeadais a laghdú, ba cheart a cheadú leis an teimpléad tuairiscithe tuarascáil chomhiomlánaithe a chur isteach lena gcumhdaítear faisnéis chomhiomlánaithe faoi thionchar an teagmhais ar na heintitis airgeadais uile a ndearnadh difear dóibh agus a d'aicmigh an teagmhas mar mhórtheagmhas.

(8) Ba cheart an teimpléad tuairiscithe a dhearadh ar bhealach atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de ionas gur féidir é a chur chun feidhme i réitigh éagsúla tuairiscithe teagmhas atá ann cheana nó a d'fhéadfaí a fhorbairt chun ceanglais Rialachán (AE) 2022/2554 a chur chun feidhme.

(9) Le dearadh an teimpléid tuairiscithe agus na réimsí sonraí, ba cheart éascú a dhéanamh ar thuairisciú mórtheagmhas a bhaineann le TFC ag tríú páirtithe ar sheachfhoinsigh eintitis airgeadais a n-oibleagáid tuairiscithe chucu i gcomhréir le hAirteagal 19(5) de Rialachán (AE) 2022/2554.

(10) Tá an Rialachán sin bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme a chuir na hÚdaráis Maoirseachta Eorpacha faoi bhráid an Choimisiúin.

(11) Rinne na hÚdaráis Mhaoirseachta Eorpacha comhairliúcháin phoiblí oscailte a reáchtáil maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme ar a bhfuil an Rialachán sin bunaithe, rinne siad anailís ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo ann agus d'iarr siad comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí Baincéireachta arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 ([3]), (AE) Uimh. 1094/2010 ([4]), (AE) Uimh. 1095/2010 ([5]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

(12) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]) agus thug sé tuairim dhearfach uaidh an 22 Iúil 2024. Aon phróiseáil ar shonraí pearsanta a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin sin, ba cheart í a dhéanamh i gcomhréir leis na prionsabail agus na forálacha is infheidhme maidir le cosaint sonraí a leagtar amach i Rialachán 2018/1725,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SIN A GHLACADH:

Airteagal 1

Teimpléad chun mórtheagmhais a bhaineann le TFC a thuairisciú

1. Úsáidfidh eintitis airgeadais an teimpléad a leagtar síos in Iarscríbhinn I chun an fógra tosaigh, an tuarascáil idirmheánach, agus an tuarascáil chríochnaitheach dá dtagraítear in Airteagal 19(4) de Rialachán (AE) 2022/2554 a chur isteach mar a leanas:

(a) na heintitis airgeadais a chuireann fógra tosaigh isteach, líonfaidh siad isteach réimsí sonraí an teimpléid a chomhfhreagraíonn don fhaisnéis atá le soláthar i gcomhréir le hAirteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/301 ón gCoimisiún ([7]), agus féadfaidh siad, i gcás ina bhfuil an fhaisnéis sin acu cheana féin, na réimsí sonraí sin a líonadh isteach, ar réimsí iad sin nach gceanglaítear a líonadh isteach le haghaidh fógra tosaigh ach go gceanglaítear sin le haghaidh tuarascáil idirmheánach nó tuarascáil chríochnaitheach;

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1093/oj).

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/79/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 48, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1094/oj).

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1095/oj).

([6]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

([7]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/301 an 23 Deireadh Fómhair 2024 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear ábhar agus teorainneacha ama maidir leis an bhfógra tosaigh i leith mórtheagmhais a bhaineann le TFC, agus maidir leis an tuarascáil idirmheánach agus chríochnaitheach ina leith, agus ábhar an fhógra dheonaigh i leith cibearbhagairtí suntasacha. (IO L, 2025/301, 20.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/301/oj).

(b) na heintitis airgeadais a chuireann fógra idirmheánach isteach, líonfaidh siad isteach réimsí sonraí an teimpléid a chomhfhreagraíonn don fhaisnéis atá le soláthar i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/301, agus féadfaidh siad, i gcás ina bhfuil an fhaisnéis ábhartha acu cheana féin, réimsí sonraí a líonadh isteach, ar réimsí iad nach gceanglaítear a líonadh isteach le haghaidh na tuarascála idirmheánaí ach go gceanglaítear sin le haghaidh na tuarascála chríochnaithí;

(c) na heintitis airgeadais a chuireann tuarascáil chríochnaitheach isteach, líonfaidh siad réimsí sonraí an teimpléid a chomhfhreagraíonn don fhaisnéis atá le soláthar i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/301.

2. Áiritheoidh eintitis airgeadais go bhfuil an fhaisnéis atá san fhógra tosaigh, agus sa tuarascáil idirmheánach agus chríochnaitheach, iomlán agus cruinn.

3. Soláthróidh eintitis airgeadais luachanna measta bunaithe ar shonraí agus ar fhaisnéis eile atá ar fáil, a mhéid is féidir, i gcás nach mbeidh sonraí cruinne ar fáil tráth an tuairiscithe le haghaidh an fhógra tosaigh nó na tuarascála idirmheánaí.

4. Agus tuarascáil idirmheánach nó tuarascáil chríochnaitheach á cur isteach acu, úsáidfidh eintitis airgeadais an teimpléad a leagtar síos in Iarscríbhinn I chun an fhaisnéis uile is gá a chur isteach agus tabharfaidh siad cothrom le dáta, i gcás inarb infheidhme, an fhaisnéis a soláthraíodh roimhe sin san fhógra tosaigh nó sa tuarascáil idirmheánach.

5. Leanfaidh eintitis airgeadais an ghluais sonraí agus na treoracha a leagtar amach in Iarscríbhinn II nuair a bheidh an teimpléad a leagtar síos in Iarscríbhinn I á líonadh isteach acu.

Airteagal 2

Cur isteach comhpháirteach an fhógra tosaigh, na dtuarascálacha idirmheánacha agus na dtuarascálacha críochnaitheacha

Féadfaidh eintitis airgeadais an fógra tosaigh, an tuarascáil idirmheánach, agus an tuarascáil chríochnaitheach a chomhcheangal ionas gur féidir dhá cheann díobh nó gach ceann díobh sin a sholáthar san am céanna, i gcás inar atosaíodh gníomhaíochtaí rialta nó inar tugadh anailís na bunchúise i gcrích agus ar choinníoll go ndéantar na teorainneacha ama a leagtar amach in Airteagal 5 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/301 ón gCoimisiún a comhall.

Airteagal 3

Teagmhais atarlaithe a bhaineann le TFC

Eintitis airgeadais a chuireann faisnéis ar fáil maidir le mórtheagmhais atarlaithe a bhaineann le TFC agus a chomhlíonann go carnach na coinníollacha maidir le mórtheagmhas amháin a bhaineann le TFC mar a leagtar amach in Airteagal 8(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1772, cuirfidh siad an fhaisnéis sin ar fáil i bhfoirm chomhiomlánaithe.

Airteagal 4

Bealaí slána leictreonacha a úsáid

1. Úsáidfidh eintitis airgeadais bealaí slána leictreonacha arna gcur ar fáil ag a n-údarás inniúil chun an fógra tosaigh agus na tuarascálacha idirmheánacha agus críochnaitheacha a chur isteach.

2. Eintitis airgeadais nach bhfuil in ann úsáid a bhaint as na bealaí slána leictreonacha arna gcur ar fáil ag a n-údarás inniúil, cuirfidh siad a n-údarás inniúil ar an eolas faoi mhórtheagmhas a bhaineann le TFC trí mhodhanna slána eile i gcomhaontú leis an údarás inniúil. Má cheanglaíonn an t-údarás inniúil amhlaidh, cuirfidh eintitis airgeadais an fógra tosaigh, nó an tuarascáil idirmheánach nó an tuarascáil chríochnaitheach, isteach arís tríd an mbealach slán leictreonach arna chur ar fáil ag a n-údarás inniúil a luaithe a bheidh siad in ann é sin a dhéanamh.

Airteagal 5

Mórtheagmhais a bhaineann le TFC a athaicmiú

I gcás ina gcinnfidh an t-eintiteas airgeadais, tar éis measúnú breise a dhéanamh, nár chomhlíon an teagmhas a bhaineann le TFC a tuairiscíodh roimhe sin mar mhórtheagmhas, tráth ar bith, na critéir agus na tairseacha aicmithe a leagtar amach in Airteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1772, tabharfaidh an t-eintiteas airgeadais fógra don údarás inniúil go bhfuil an teagmhas a bhaineann le TFC athaicmithe aige ó mhórtheagmhas go teagmhas nach mórtheagmhas é tríd an bhfaisnéis faoin athaicmiú sin a sholáthar sa teimpléad a leagtar síos in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin i ndáil leis na réimsí 'cineál tuarascála' agus 'faisnéis eile'.

Airteagal 6

Fógra maidir le seachfhoinsiú na n-oibleagáidí tuairiscithe

1. Eintitis airgeadais a sheachfhoinsíonn an oibleagáid mórtheagmhais a bhaineann le TFC a thuairisciú i gcomhréir le hAirteagal 19(5) de Rialachán (AE) 2022/2554, cuirfidh siad a n-údarás inniúil ar an eolas faoin socrú seachfhoinsithe sin a luaithe a bheidh an socrú seachfhoinsithe tugtha i gcrích agus ar a dhéanaí roimh an gcéad fhógra nó an chéad tuairisciú.

2. Soláthróidh eintitis airgeadais don údarás inniúil ainm, sonraí teagmhála, agus cód aitheantais an tríú páirtí a chuirfidh isteach na fógraí nó na tuarascálacha maidir le mórtheagmhais a bhaineann le TFC dóibh.

3. Cuirfidh eintitis airgeadais a n-údarás inniúil ar an eolas a luaithe nach ndéanfaidh siad a n-oibleagáidí tuairiscithe dá dtagraítear in Airteagal 19(5) de Rialachán (AE) 2022/2554 a sheachfhoinsiú a thuilleadh.

Airteagal 7

Tuairisciú comhiomlánaithe

1. Féadfaidh soláthraí seirbhísí tríú páirtí ar seachfhoinsíodh oibleagáidí tuairiscithe chuige dá dtagraítear in Airteagal 19(5) de Rialachán (AE) 2022/2554 an teimpléad a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin a úsáid chun faisnéis chomhiomlánaithe a sholáthar maidir le mórtheagmhas a bhaineann le TFC a mbíonn tionchar aige ar eintitis airgeadais iomadúla in aon fhógra nó tuarascáil amháin, agus an fógra nó an tuarascáil sin a chur faoi bhráid an údaráis inniúil thar ceann na n-eintiteas airgeadais uile lena mbaineann, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) gur ó sholáthraí seirbhísí TFC tríú páirtí a eascraíonn an mórtheagmhas a bhaineann le TFC atá le tuairisciú nó gurb é an soláthraí sin is cúis leis;

(b) soláthraíonn an soláthraí seirbhísí tríú páirtí sin an tseirbhís TFC ábhartha do níos mó ná eintiteas airgeadais amháin, nó do ghrúpa;

(c) tá an teagmhas a bhaineann le TFC aicmithe mar mhórtheagmhas ag gach eintiteas airgeadais a chumhdaítear san fhógra nó sa tuarascáil chomhiomlánaithe;

(d) déanann an mórtheagmhas a bhaineann le TFC difear d'eintitis airgeadais laistigh d'aon Bhallstát amháin agus baineann an tuarascáil chomhiomlánaithe le heintitis airgeadais a ndéanann an t-údarás inniúil céanna maoirseacht orthu;

(e) cheadaigh údaráis inniúla go sainráite don chineál sin eintiteas airgeadais a dtuairisciú a chomhiomlánú.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le hinstitiúidí creidmheasa a meastar ábharthacht shuntasach a bheith ag baint leo dá dtagraítear in Airteagal 2 pointe (16) de Rialachán (AE) Uimh. 468/2014 an Bhainc Ceannais Eorpaigh ([8]), oibreoirí ionad trádála, agus contrapháirtithe lárnacha, nach n-úsáidfidh an teimpléad in Iarscríbhinn I ach amháin chun fógraí nó tuarascálacha maidir le mórtheagmhais a bhaineann le TFC a chur faoi bhráid a n-údaráis inniúil ar bhonn aonair.

3. I gcás ina n-éileoidh údaráis inniúla faisnéis faoi thionchar aonair an mhórtheagmhais a bhaineann le TFC ar eintiteas airgeadais aonair, arna iarraidh sin don údarás inniúil, cuirfidh an t-eintiteas airgeadais fógra aonair nó tuarascáil isteach maidir leis an mórtheagmhas a bhaineann le TFC.

([8]) Rialachán (AE) Uimh. 468/2014 ón mBanc Ceannais Eorpach an 16 Aibreán 2014 lena mbunaítear an creat le haghaidh comhair laistigh den Sásra Aonair Maoirseachta idir an Banc Ceannais Eorpach agus údaráis inniúla náisiúnta agus le húdaráis ainmnithe náisiúnta (Creat-Rialachán SMA) (BCE/2014/17) (IO L 141, 14.5.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/468/oj).

Airteagal 8

Fógra a thabhairt faoi chibearbhagairtí suntasacha

1. Eintitis airgeadais a thugann fógra faoi chibearbhagairtí suntasacha d'údaráis inniúla i gcomhréir le hAirteagal 19(2) de Rialachán (AE) 2022/2554, úsáidfidh siad an teimpléad a leagtar síos in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin agus leanfaidh siad an ghluais sonraí agus na treoracha a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán sin.

2. Áiritheoidh eintitis airgeadais go mbeidh an fhaisnéis atá san fhógra faoi chibearbhagairtí suntasacha iomlán agus cruinn.

Airteagal 9

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Deireadh Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

TEIMPLÉID CHUN MÓRTHEAGMHAIS A THUAIRISCIÚ

Uimhir an réimse	Réimse sonraí	
Faisnéis ghinearálta faoin eintiteas airgeadais		
1.1	An cineál aighneachta	
1.2	Ainm an eintitis a bhfuil an tuarascáil á cur isteach aige	
1.3	Cód aitheantais an eintitis a bhfuil an tuarascáil á cur isteach aige	
1.4	An cineál eintitis airgeadais a ndéantar difear dó	
1.5	Ainm an eintitis airgeadais a ndéantar difear dó	
1.6	Cód LEI an eintitis airgeadais a ndéantar difear dó	
1.7	Ainm an phríomhtheagmhálaí	
1.8	Seoladh ríomhphoist an phríomhtheagmhálaí	
1.9	Teileafón an phríomhtheagmhálaí	
1.10	Ainm an dara teagmhálaí	
1.11	Seoladh ríomhphoist an dara teagmhálaí	
1.12	Teileafón an dara teagmhálaí	
1.13	Ainm an mháthairghnóthais deiridh	
1.14	Cód LEI an mháthairghnóthais deiridh	
1.15	Airgeadra tuairiscithe	
Ábhar an fhógra tosaigh		
2.1	Cód tagartha teagmhais arna shannadh ag an eintiteas airgeadais	
2.2	Dáta agus am braite an mhórtheagmhais a bhaineann le TFC	
2.3	An dáta agus an t-am a aicmíodh an teagmhas a bhaineann le TFC mar mhórtheagmhas	
2.4	Tuairisc ar an mórtheagmhas a bhaineann le TFC	
2.5	Critéir aicmithe a spreag an tuarascáil teagmhais	
2.6	Tairseacha ábharthachta le haghaidh an chritéir aicmithe ‘Raon geografach’	
2.7	Aimsiú an mhórtheagmhais a bhaineann le TFC	

Uimhir an réimse	Réimse sonraí	
2.8	Léiriú maidir le an ó sholáthraí tríú páirtí nó ó eintiteas airgeadais eile a tháinig an mórtheagmhas a bhaineann le TFC	
2.9	Gníomhachtú an phlean leanúnachais gnó, má ghníomhachtaítear é	
2.10	Faisnéis ábhartha eile	
Ábhar na tuarascála idirmheánaí		
3.1	Cód tagartha teagmhais arna sholáthar ag an údarás inniúil	
3.2	An dáta agus an t-am a tharla an mórtheagmhas a bhaineann le TFC	
3.3	An dáta agus an t-am a aisghabhadh seirbhísí, gníomhaíochtaí nó oibríochtaí	
3.4	An líon cliant a ndéantar difear dóibh	
3.5	Céatadán na gcliant a ndéantar difear dóibh	
3.6	An líon contrapháirtithe airgeadais a ndéantar difear dóibh	
3.7	Céatadán na gcontrapháirtithe airgeadais a ndéantar difear dóibh	
3.8	Tionchar ar chliaint ábhartha nó ar chontrapháirtithe airgeadais ábhartha	
3.9	An líon idirbheart a ndéantar difear dóibh	
3.10	Céatadán na n-idirbheart a ndéantar difear dóibh	
3.11	Luach na n-idirbheart a ndéantar difear dóibh	
3.12	Faisnéis maidir le cé acu an uimhreacha iarbhír nó meastacháin iad na huimhreacha, nó cé acu a bhí nó nach raibh aon tionchar ann	
3.13	Tionchar ar chlú	
3.14	Faisnéis chomhthéacsúil faoin tionchar ar chlú	
3.15	Fad an mhórtheagmhais a bhaineann le TFC	
3.16	Aga neamhfhónaimh seirbhíse	
3.17	Faisnéis maidir le cibé acu an uimhreacha iarbhír nó meastacháin iad na huimhreacha d'fhad an aga neamhfhónaimh seirbhíse.	
3.18	Cineálacha tionchair sna Ballstáit	
3.19	Tuairisc ar an gcaoi a bhfuil tionchar ag an mórtheagmhas a bhaineann le TFC ar Bhallstáit eile	
3.20	Tairseacha ábharthachta le haghaidh an chritéir aicmithe 'Caillteanais sonraí'	
3.21	Tuairisc ar na caillteanais sonraí	

Uimhir an réimse	Réimse sonraí	
3.22	Critéar aicmithe ‘Seirbhísí criticiúla a ndéantar difear dóibh’	
3.23	Cineál an mhórtheagmhais a bhaineann le TFC	
3.24	Cineálacha eile teagmhas	
3.25	Bagairtí agus teicnící a úsáideann an gníomhaí bagartha	
3.26	Cineálacha eile teicnící	
3.27	Faisnéis faoi na réimsí feidhme agus na próisis ghnó a ndéantar difear dóibh	
3.28	Comhpháirteanna bonneagair a ndéantar difear dóibh a thacaíonn le próisis ghnó	
3.29	Faisnéis faoi chomhpháirteanna bonneagair a ndéantar difear dóibh a thacaíonn le próisis ghnó	
3.30	Tionchar ar leas airgeadais cliant	
3.31	Tuairisciú d’údaráis eile	
3.32	Sonraíocht na n-údarás ‘eile’	
3.33	Gníomhaíochtaí/bearta sealadacha a rinneadh nó atá beartaithe a dhéanamh chun téarnamh ón teagmhas	
3.34	Tuairisc ar aon ghníomhaíocht shealadach agus ar aon bheart sealadach a rinneadh nó atá beartaithe a dhéanamh chun téarnamh ón teagmhas	
3.35	Táscairí comhréitigh	
Ábhar na tuarascála críochnaithí		
4.1	Aicmiú ardleibhéil ar bhunchúiseanna an teagmhais	
4.2	Aicmiú mionsonraithe ar bhunchúiseanna an teagmhais	
4.3	Aicmiú breise ar bhunchúiseanna an teagmhais	
4.4	Cineálacha eile de chineálacha na bunchúise	
4.5	Faisnéis faoi bhunchúiseanna an teagmhais	
4.6	Achoimre ar réiteach an teagmhais	
4.7	An dáta agus an t-am a tugadh aghaidh ar bhunchúis an teagmhais	
4.8	An dáta agus an t-am a réitíodh an teagmhas	
4.9	Faisnéis maidir le cé acu atá nó nach bhfuil dáta réitigh buan an teagmhais éagsúil leis an dáta cur chun feidhme a bhí beartaithe ar dtús	
4.10	Measúnú ar riosca d’fheidhmeanna criticiúla chun críocha réitigh	
4.11	Faisnéis atá ábhartha d’údaráis réitigh	

Uimhir an réimse	Réimse sonraí	
4.12	Tairseach ábharthachta le haghaidh an chritéir aicmithe 'Tionchar eacnamaíoch'	
4.13	Méid na n-ollchostas agus na n-ollchaillteanas díreach agus indíreach	
4.14	An méid airgeadais a aisghabhadh	
4.15	Faisnéis maidir le cé acu a tharla nó nár tharla na teagmhais nach mórtheagmhais iad arís agus arís eile	
4.16	An dáta agus an t-am a tharla teagmhais atarlaithe	

IARSCRÍBHINN II

GLUAIS SONRAÍ AGUS TREORACHA MAIDIR LE MÓRTHEAGMHAIS A THUAIRISCIÚ

Réimse sonraí	Tuairisc	Éigeantach don fhógra tosaigh	Éigeantach don tuarascáil idirmheánach	Éigeantach don tuarascáil chríochnaitheach	Cineál réimse
Faisnéis ghinearálta faoin eintiteas airgeadais					
1.1. An cineál aighneachta	Sonraigh an cineál fógra teagmhais nó tuarascála atá á chur faoi bhráid an údaráis inniúil.	Tá	Tá	Tá	Rogha: — fógra tosaigh; — tuarascáil idirmheánach; — tuarascáil chríochnaitheach; — mórtheagmhas arna athaicmiú mar theagmhas nach mórtheagmhas é.
1.2. Ainm an eintitis a bhfuil an tuarascáil á cur isteach aige	Ainm dlíthiúil iomlán an eintitis a bhfuil an tuarascáil á cur isteach aige.	Tá	Tá	Tá	Alfa-uimhriúil
1.3. Cód aitheantais an eintitis a bhfuil an tuarascáil á cur isteach aige	Cód aitheantais an eintitis a bhfuil an tuarascáil á cur isteach aige. I gcás ina gcuireann eintitis airgeadais an fógra/tuarascáil isteach, is éard a bheidh sa chód aitheantais Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI), ar cód uathúil é ina bhfuil 20 carachtar alfa-uimhriúla, bunaithe ar ISO 17442-1:2020. Féadfaidh soláthraí tríú páirtí a chuireann tuarascáil isteach le haghaidh eintiteas airgeadais cód aitheantais a úsáid mar a shonraítear sna caighdeáin theicniúla cur chun feidhme arna nglacadh de bhun Airteagal 28(9) de Rialachán (AE) 2022/2554.	Tá	Tá	Tá	Alfa-uimhriúil
1.4. Cineál an eintitis airgeadais a ndearnadh difear dó	Cineál an eintitis dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointí (a) go (t), de Rialachán (AE) 2022/2554 a gcuirtear an tuarascáil isteach ina leith. I gcás tuairisciú comhiomlánaithe dá dtagraítear in Airteagal 7 den Rialachán sin, roghnófar na cineálacha éagsúla eintiteas airgeadais a chumhdaítear sa tuarascáil chomhiomlánaithe.	Tá	Tá	Tá	Rogha (ilrogha): — institiúid creidmheasa; — institiúid íocaíochta; — institiúid íocaíochta dhíolmhaithe; — soláthraí seirbhísí faisnéise cuntais; — institiúid ríomh-airgid; — institiúid ríomh-airgid dhíolmhaithe; — gnólacht infheistíochta; — soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní; — eisitheoir comharthaí sócmhainn-tagartha; — taisclann lárnach urrús; — contrapháirtí lárnach; — ionad trádála; — stór trádála;

Réimse sonraí	Tuairisc	Éigeantach don fhógra tosaigh	Éigeantach don tuarascáil idirmheánach	Éigeantach don tuarascáil chríochnaitheach	Cineál réimse
					— bainisteoir ciste infheistíochta malartach; — cuideachta bainistíochta; — soláthraí seirbhísí tuairiscithe sonraí; — gnóthas árachais agus athárachais; — idirghabhálaí árachais, idirghabhálaí athárachais agus idirghabhálaí árachais coimhdeach; — institiúid um sholáthar pinsean ceirde; — gníomhaireacht rátála creidmheasa; — riarthóir tagarmharcanna criticiúla; — soláthraí seirbhísí sluachistiúcháin; — stór urrúsúcháin.
1.5. Ainm an eintitis airgeadais a ndéantar difear dó	Ainm dlíthiúil iomlán an eintitis airgeadais a ndéanann an mórtheagmhas a bhaineann le TFC difear dó agus a gceanglaítear air an mórtheagmhas a thuairisciú dá údarás inniúil faoi Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2022/2554. I gcás tuairisciú comhiomlánaithe: (a) liosta ainmneacha uile na n-eintiteas airgeadais a ndearna an mórtheagmhas a bhaineann le TFC difear dóibh, agus leathstad eatarthu; (b) an soláthraí tríú páirtí a chuireann fógra mórtheagmhais nó tuarascáil isteach ar bhealach comhiomlánaithe dá dtagraítear in Airteagal 7 den Rialachán sin, ainmneacha na n-eintiteas airgeadais uile a raibh tionchar ag an teagmhas orthu a liostú, agus leathstad eatarthu.	Tá, má tá an t-eintiteas airgeadais a ndearna an teagmhas difear dó difriúil leis an eintiteas a chuir an tuarascáil isteach agus i gcás tuairisciú comhiomlánaithe	Tá, má tá an t-eintiteas airgeadais a ndearna an teagmhas difear dó difriúil leis an eintiteas a chuir an tuarascáil isteach agus i gcás tuairisciú comhiomlánaithe	Tá, má tá an t-eintiteas airgeadais a ndearna an teagmhas difear dó difriúil leis an eintiteas a chuir an tuarascáil isteach agus i gcás tuairisciú comhiomlánaithe	Alfa-uimhriúil
1.6. Cód LEI an eintitis airgeadais a ndéantar difear dó	Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI) an eintitis airgeadais a ndéanann an mórtheagmhas a bhaineann le TFC a shanntar i gcomhréir leis an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Chaighdeánú difear dó. I gcás tuairisciú comhiomlánaithe: (a) liosta de chóid LEI uile na n-eintiteas airgeadais a ndéanann an mórtheagmhas a bhaineann le TFC difear dóibh, agus leathstad eatarthu;	Tá, má tá an t-eintiteas airgeadais a ndéanann an mórtheagmhas a bhaineann le TFC difear dó	Tá, má tá an t-eintiteas airgeadais a ndéanann an mórtheagmhas a bhaineann le TFC difear dó	Tá, má tá an t-eintiteas airgeadais a ndearna an mórtheagmhas a bhaineann le TFC difear dó	Cód uathúil 20 carachtar alfa-uimhriúil, bunaithe ar ISO 17442-1:2020

Réimse sonraí	Tuairisc	Éigeantach don fhógra tosaigh	Éigeantach don tuarascáil idirmheánach	Éigeantach don tuarascáil chríochnaitheach	Cineál réimse
	(b) an soláthraí tríú páirtí a chuireann fógra nó tuarascáil faoi mhórtheagmhas isteach ar bhealach comhiomlánaithe dá dtagraítear in Airteagal 7 den Rialachán sin chun cóid LEI na n-eintiteas airgeadais uile a raibh tionchar ag an teagmhas orthu a liostú, agus leathstad eatarthu. Beidh ord na gcód LEI agus ainmneacha na n-eintiteas airgeadais comhionann.	difriúil leis an eintiteas a chuireann an tuarascáil isteach agus i gcás tuairisciú comhiomlánaithe	difriúil leis an eintiteas a chuireann an tuarascáil isteach agus i gcás tuairisciú comhiomlánaithe	difriúil leis an eintiteas a chuir an tuarascáil isteach agus i gcás tuairisciú comhiomlánaithe	
1.7. Ainm an phríomhtheagmhálaí	Ainm agus sloinne phríomhtheagmhálaí an eintitis airgeadais. I gcás tuairisciú comhiomlánaithe dá dtagraítear in Airteagal 7 den Rialachán sin, ainm an phríomhtheagmhálaí san eintiteas a chuireann an tuarascáil chomhiomlánaithe isteach.	Tá	Tá	Tá	Alfa-uimhriúil
1.8. Seoladh ríomhphoist an phríomhtheagmhálaí	Seoladh ríomhphoist an phríomhtheagmhálaí is féidir leis an údarás inniúil a úsáid le haghaidh cumarsáid leantach. I gcás tuairisciú comhiomlánaithe dá dtagraítear in Airteagal 7 den Rialachán sin, ríomhphost an phríomhtheagmhálaí san eintiteas a chuireann an tuarascáil chomhiomlánaithe isteach.	Tá	Tá	Tá	Alfa-uimhriúil
1.9. Teileafón an phríomhtheagmhálaí	Uimhir theileafóin an phríomhtheagmhálaí is féidir leis an údarás inniúil a úsáid le haghaidh cumarsáid leantach. I gcás tuairisciú comhiomlánaithe dá dtagraítear in Airteagal 7 den Rialachán sin, uimhir theileafóin an phríomhtheagmhálaí san eintiteas a chuireann an tuarascáil chomhiomlánaithe isteach. Tuairisceofar an uimhir theileafóin leis na réimíreanna idirnáisiúnta uile (e.g. +33XXXXXXXXX)	Tá	Tá	Tá	Alfa-uimhriúil
1.10. Ainm an dara teagmhálaí	Ainm agus sloinne an dara teagmhálaí nó ainm fhoireann fhreagrach an eintitis airgeadais nó an eintitis a chuireann an tuarascáil isteach thar ceann an eintitis airgeadais	Tá	Tá	Tá	Alfa-uimhriúil
1.11. Seoladh ríomhphoist an dara teagmhálaí	Seoladh ríomhphoist an dara teagmhálaí nó seoladh ríomhphoist feidhmiúil na foirne is féidir leis an údarás inniúil a úsáid le haghaidh cumarsáid leantach.	Tá	Tá	Tá	Alfa-uimhriúil

Réimse sonraí	Tuairisc	Éigeantach don fhógra tosaigh	Éigeantach don tuarascáil idirmheánach	Éigeantach don tuarascáil chríochnaitheach	Cineál réimse
1.12. Teileafón an dara teagmhálaí	Uimhir theileafóin an dara teagmhálaí, nó na foirne, is féidir leis an údarás inniúil a úsáid le haghaidh cumarsáid leantach. Tuairisceofar an uimhir theileafóin leis na réimíreanna idirnáisiúnta uile (e.g. +33XXXXXXXXX)	Tá	Tá	Tá	Alfa-uimhriúil
1.13. Ainm an mháthairghnóthais deiridh	Ainm mháthairghnóthas deiridh an ghrúpa lena mbaineann an t-eintiteas airgeadais a ndéantar difear dó, i gcás inarb infheidhme.	Tá, má bhaineann an t-eintiteas airgeadais le grúpa	Tá, má bhaineann an t-eintiteas airgeadais le grúpa	Tá, má bhaineann an t-eintiteas airgeadais le grúpa	Alfa-uimhriúil
1.14. Cód LEI an mháthairghnóthais deiridh	LEI mháthairghnóthas deiridh an ghrúpa lena mbaineann an t-eintiteas airgeadais a ndéantar difear dó, i gcás inarb infheidhme. Arna shannadh i gcomhréir leis an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Chaighdeánú	Tá, má bhaineann an t-eintiteas.airgeadais le grúpa	Tá, má bhaineann an t-eintiteas airgeadais le grúpa	Tá, má bhaineann an t-eintiteasairgeadais le grúpa	Cód uathúil 20 carachtar alfa-uimhriúil, bunaithe ar ISO 17442-1:2020
1.15. Airgeadra tuairiscithe	Airgeadra a úsáidtear chun teagmhais a thuairisciú	Tá	Tá	Tá	Rogha curtha isteach trí chóid airgeadra ISO 4217 a úsáid.
Ábhar an fhógra tosaigh					
2.1. Cód tagartha teagmhais arna shannadh ag an eintiteas airgeadais	Cód tagartha uathúil arna eisiúint ag an eintiteas airgeadais lena sainaithnítear go soiléir an mórtheagmhas a bhaineann le TFC. I gcás tuairisciú comhiomlánaithe dá dtagraítear in Airteagal 7 den Rialachán sin, an cód tagartha teagmhais arna shannadh ag an soláthraí tríú páirtí.	Tá	Tá	Tá	Alfa-uimhriúil
2.2. Dáta agus am braite an mhórtheagmhais a bhaineann le TFC	An dáta agus an t-am a tháinig an t-eintiteas airgeadais ar an eolas faoin teagmhas a bhaineann le TFC. I gcás teagmhais atarlaithe, an dáta agus an t-am a braitheadh an teagmhas deireanach a bhaineann le TFC.	Tá	Tá	Tá	ISO 8601 AUL caighdeánach (BBBB-MM-LL Auu: nn:ss)

Réimse sonraí	Tuairisc	Éigeantach don fhógra tosaigh	Éigeantach don tuarascáil idirmheánach	Éigeantach don tuarascáil chríochnaitheach	Cineál réimse
2.3. An dáta agus an t-am a aicmíodh an teagmhas mar mhórtheagmhas	An dáta agus an t-am a aicmíodh an teagmhas a bhaineann le TFC mar mhórtheagmhas de réir na gcritéar aicmithe a bunaíodh le Rialachán (AE) 2024/1772.	Tá	Tá	Tá	ISO 8601 AUL caighdeánach (BBBB-MM-LL Auu: nn:ss)
2.4. Tuairisc ar an teagmhas a bhaineann le TFC	Tuairisc ar na gnéithe is ábhartha den mhórtheagmhas a bhaineann le TFC. Soláthróidh eintitis airgeadais forbhreathnú ardleibhéil ar an bhfaisnéis seo a leanas amhail cúiseanna féideartha, tionchair láithreacha, córais a ndéantar difear dóibh, agus eile. Áireoidh eintitis airgeadais, i gcás inarb eol sin nó ina meastar sin go réasúnta, cibé acu a dhéanann nó nach ndéanann an teagmhas difear do sholáthraithe tríú páirtí nó d'eintitis airgeadais eile, don chineál soláthraí nó eintitis airgeadais, dá n-ainm, dá gcóid aitheantais faoi seach agus do chineál an chóid aitheantais (e.g. LEI nó EUID). I dtuarascálacha ina dhiaidh sin, is féidir leis an ábhar allamuigh forbairt le himeacht ama chun an tuiscint leanúnach ar an teagmhas a bhaineann le TFC a léiriú agus chun tuairisc a thabhairt ar aon fhaisnéis ábhartha eile faoin teagmhas a bhaineann le TFC nár gabhadh sna réimsí sonraí, lena n-áirítear an measúnú déine inmheánach ag an eintiteas airgeadais (e.g. an-íseal, íseal, meánach, ard, an-ard) agus léiriú ar leibhéal agus ar ainm na struchtúr cinnteoireachta is sinsearaí a raibh baint acu leis an bhfreagairt ar an teagmhas a bhaineann le TFC.	Tá	Tá	Tá	Alfa-uimhriúil
2.5. Critéir aicmithe a spreag an tuarascáil teagmhais	Critéir aicmithe faoi Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1772 a spreag an cinneadh an teagmhas a bhaineann le TFC a aicmiú mar mhórtheagmas agus an fógra agus an tuairisciú ina dhiaidh sin. I gcás tuairisciú comhiomlánaithe dá dtagraítear in Airteagal 7 den Rialachán sin, na critéir aicmithe a spreag an cinneadh an teagmhas a bhaineann le TFC a aicmiú mar mhórtheagmhas d'eintiteas airgeadais amháin nó níos mó ar a laghad.	Tá	Tá	Tá	Rogha (ilrogha): — cliaint, contrapháirtithe airgeadais agus idirbhearta a ndéantar difear dóibh; — tionchar ar chlú; — fad agus aga neamhfhónaimh seirbhíse; — raon geografach; — caillteanais sonraí; — seirbhísí criticiúla a ndéantar difear dóibh; — tionchar eacnamaíoch.
2.6. Tairseacha ábharthachta le haghaidh an chritéir aicmithe 'Raon geografach'	Ballstáit LEE a raibh tionchar ag an mórtheagmhas a bhaineann le TFC orthu Agus measúnú á dhéanamh ar thionchar an mhórtheagmhais a bhaineann le TFC i mBallstáit eile, cuirfidh eintitis airgeadais Airteagail 4 agus 12 de Rialachán Tarmligthe 2024/1772 san áireamh.	Tá, má chomhlíontar tairseach 'raon geografach'.	Tá, má chomh-líontar tairseach 'raon geografach'.	Tá, má chomhlíontar tairseach 'raon geografach'.	Rogha (ilrogha) a líontar trí úsáid a bhaint as ISO 3166 ALPHA-2 de na tíortha a ndéantar dóibh

Réimse sonraí	Tuairisc	Éigeantach don fhógra tosaigh	Éigeantach don tuarascáil idirmheánach	Éigeantach don tuarascáil chríochnaitheach	Cineál réimse
2.7. Aimsiú an mhórtheagmhais a bhaineann le TFC	Léiriú ar an gcaoi ar thángthas ar an mórtheagmhas a bhaineann le TFC.	Tá	Tá	Tá	Rogha: — Slándáil TF — foireann; — iniúchadh inmheánach; — iniúchadh seachtrach; — cliaint; — contrapháirtithe airgeadais; — soláthraí tríú páirtí; — ionsaitheoir; — córais faireacháin; — údarás / gníomhaireacht / comhlacht forfheidhmithe dlí; — eile.
2.8. Léiriú maidir le an ó sholáthraí tríú páirtí nó ó eintiteas airgeadais eile a tháinig an teagmhas	Léiriú maidir le an ó sholáthraí tríú páirtí nó ó eintiteas airgeadais eile a tháinig an mórtheagmhas a bhaineann le TFC. Cuirfidh eintitis airgeadais in iúl cé acu a thionscnaíonn nó nach dtionscnaíonn an mórtheagmhas a bhaineann le TFC ó sholáthraí tríú páirtí nó ó eintiteas airgeadais eile (lena n-áirítear eintitis airgeadais ar leis an ngrúpa céanna leis an eintiteas tuairiscithe iad) agus ainm, cód aitheantais an tsoláthraí tríú páirtí nó an eintitis airgeadais agus cineál an chóid aitheantais (e.g. LEI nó EUID).	Tá, más ó sholáthraí tríú páirtí nó ó eintiteas airgeadais eile a eascraíonn an teagmhas	Tá, más ó sholáthraí tríú páirtí nó ó eintiteas airgeadais eile a eascraíonn an teagmhas	Tá, más ó sholáthraí tríú páirtí nó ó eintiteas airgeadais eile a eascraíonn an teagmhas	Alfa-uimhriúil
2.9. Gníomhachtú an phlean leanúnachais gnó, má ghníomhachtaítear é	Léiriú ar cé acu a gníomhachtaíodh nó nár gníomhachtaíodh bearta freagartha leanúnachais gnó an eintitis airgeadais go foirmiúil.	Tá	Tá	Tá	Boole (Tá nó Níl).
2.10. Faisnéis ábhartha eile	Aon fhaisnéis bhreise nach gcumhdaítear sa teimpléad. Eintitis airgeadais a rinne mórtheagmhas a bhaineann le TFC a athaicmiú mar theagmhas nach mórtheagmhas é, tabharfaidh siad tuairisc ar na cúiseanna nach gcomhlíonann an teagmhas a bhaineann le TFC na critéir, agus nach bhfuiltear ag súil go gcomhlíonfaidh sé na critéir, chun go measfar gur mórtheagmhas a bhaineann le TFC é.	Tá, má tá faisnéis eile ann nach gcumhdaítear sa teimpléad nó má	Tá, má tá faisnéis eile ann nach gcumhdaítear sa teimpléad nó má rinneadh an	Tá, má tá faisnéis eile ann nach gcumhdaítear sa teimpléad nó	Alfa-uimhriúil

Réimse sonraí	Tuairisc	Éigeantach don fhógra tosaigh	Éigeantach don tuarascáil idirmheánach	Éigeantach don tuarascáil chríochnaitheach	Cineál réimse
		rinneadh an mórtheagmhas a bhaineann le TFC a athaicmiú mar theagmhas nach mórtheagmhas é.	mórtheagmhas a bhaineann le TFC a athaicmiú mar theagmhas nach mórtheagmhas é.	má rinneadh an mórtheagmhas a bhaineann le TFC a athaicmiú mar theagmhas nach mórtheagmhas é.	
Ábhar na tuarascála idirmheánaí					
3.1. Cód tagartha teagmhais arna sholáthar ag an údarás inniúil	Cód tagartha uathúil arna shannadh ag an údarás inniúil an tráth a fhaightear an fógra tosaigh chun an mórtheagmhas a bhaineann le TFC a shainaithint go soiléir.	Níl	Tá, más infheidhme	Tá, más infheidhme	Alfa-uimhriúil
3.2. An dáta agus an t-am a tharla an teagmhas	Dáta agus am a tharla an mórtheagmhas a bhaineann le TFC, murab ionann é agus an tráth ar tháinig an t-eintiteas airgeadais ar an eolas faoin mórtheagmhas a bhaineann le TFC. I gcás mórtheagmhais atarlaithe a bhaineann le TFC, an dáta agus an t-am a tharla an mórtheagmhas deireanach a bhaineann le TFC.	Níl	Tá	Tá	ISO 8601 AUL caighdeánach (BBBB-MM-LL Auu: nn:ss)
3.3. An dáta agus an t-am a athshlánaíodh seirbhísí, gníomhaíochtaí nó oibríochtaí	Faisnéis faoi dháta agus am athshlánaithe na seirbhísí, na ngníomhaíochtaí nó na n-oibríochtaí a raibh tionchar ag an mórtheagmhas a bhaineann le TFC orthu.	Níl	Tá, má tá réimse sonraí 3.16.'aga neamhfhónaimh seirbhíse' curtha isteach	Tá, má tá réimse sonraí 3.16. 'Aga neamhfhónaimh seirbhíse' curtha isteach	ISO 8601 AUL caighdeánach (BBBB-MM-LL Auu: nn:ss)
3.4. An líon cliant a ndéantar difear dóibh	An líon cliant a ndearna an mórtheagmhas a bhaineann le TFC difear dóibh a úsáideann an tseirbhís arna soláthar ag an eintiteas airgeadais. Agus measúnú á dhéanamh ar an líon cliant a ndéantar difear dóibh, cuirfidh eintitis airgeadais Airteagail 1(1) agus 9(1), pointe (b), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1772 san áireamh ina measúnú. Eintiteas airgeadais nach féidir leis an líon iarbhír cliant ar imríodh tionchar orthu a chinneadh, úsáidfidh sé meastacháin bunaithe ar shonraí atá ar fáil ó thréimhsí tagartha inchomparáide. I gcás tuairisciú comhiomlánaithe dá dtagraítear in Airteagal 7 den Rialachán sin, an líon iomlán cliant a ndéantar difear dóibh ar fud na n-eintiteas airgeadais uile.	Níl	Tá	Tá	Slánuimhir uimhriúil

Réimse sonraí		Tuairisc	Éigeantach don fhógra tosaigh	Éigeantach don tuarascáil idirmheánach	Éigeantach don tuarascáil chríochnaitheach	Cineál réimse
3.5.	Céatadán na gcliant a ndéantar difear dóibh	Céatadán na gcliant a ndearna an mórtheagmhas a bhaineann le TFC difear dóibh i ndáil leis an líon iomlán cliant a bhaineann úsáid as an tseirbhís a ndéantar difear di arna soláthar ag an eintiteas airgeadais. I gcás ina ndéanfar difear do níos mó ná seirbhís amháin, cuirfear na seirbhísí ar fáil ar bhealach comhiomlánaithe. Cuirfidh eintitis airgeadais Airteagal 1(1) agus Airteagal 9(1), pointe (a), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1772 san áireamh ina measúnú. Eintiteas airgeadais nach féidir leis céatadán iarbhír na gcliant ar imríodh tionchar orthu a chinneadh, úsáidfidh sé meastacháin bunaithe ar shonraí atá ar fáil ó thréimhsí tagartha inchomparáide. I gcás tuairisciú comhiomlánaithe dá dtagraítear in Airteagal 7 den Rialachán sin, roinnfidh eintiteas airgeadais suim na gcliant uile a ndéantar difear dóibh ar líon iomlán chliaint na n-eintiteas airgeadais uile a ndéantar difear dóibh.	Níl	Tá	Tá	Arna shloinneadh mar chéatadán - aon luach suas le 5 charachtar uimhriúla lena n-áirítear suas le 1 ionad deachúlach amháin a shloinntear mar chéatadán (e.g. 2.4 in ionad 2,4 %). Má tá níos mó ná digit amháin i ndiaidh na deachúla sa luach, slánóidh contrapháirtithe a dhéanfaidh an tuairisciú é leath bealaigh suas.
3.6.	An líon contrapháirtithe airgeadais a ndéantar difear dóibh	An líon contrapháirtithe airgeadais a ndearna an mórtheagmhas a bhaineann le TFC difear dóibh agus a bhfuil conradh tugtha i gcrích acu leis an eintiteas airgeadais. Agus measúnú á dhéanamh ar an líon contrapháirtithe airgeadais a ndéantar difear dóibh, cuirfidh eintitis airgeadais Airteagal 1(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1772 san áireamh ina measúnú. Eintiteas airgeadais nach féidir leis an líon iarbhír contrapháirtithe airgeadais ar imríodh tionchar orthu a chinneadh, úsáidfidh sé meastacháin bunaithe ar shonraí atá ar fáil ó thréimhsí tagartha inchomparáide. I gcás tuairisciú comhiomlánaithe dá dtagraítear in Airteagal 7 den Rialachán sin, an líon iomlán contrapháirtithe airgeadais a ndéantar difear dóibh ar fud na n-eintiteas airgeadais uile.	Níl	Tá	Tá	Slánuimhir uimhriúil

Réimse sonraí	Tuairisc	Éigeantach don fhógra tosaigh	Éigeantach don tuarascáil idirmheánach	Éigeantach don tuarascáil chríochnaitheach	Cineál réimse
3.7. Céatadán na gcontrapháirtithe airgeadais a ndéantar difear dóibh	Céatadán na gcontrapháirtithe airgeadais a ndearna an mórtheagmhas a bhaineann le TFC difear dóibh i ndáil leis an líon iomlán contrapháirtithe airgeadais a bhfuil conradh tugtha i gcrích acu leis an eintiteas airgeadais. Agus measúnú á dhéanamh ar chéatadán na gcontrapháirtithe airgeadais a ndéantar difear dóibh, cuirfidh eintitis airgeadais Airteagail 1(1) agus 9(1), pointe (c) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1772 san áireamh ina measúnú. Eintiteas airgeadais nach féidir leis céatadán iarbhír na gcontrapháirtithe airgeadais ar imríodh tionchar orthu a chinneadh, úsáidfidh sé meastacháin bunaithe ar shonraí atá ar fáil ó thréimhsí tagartha inchomparáide. I gcás tuairisciú comhiomlánaithe dá dtagraítear in Airteagal 7 den Rialachán sin, tabhair le fios suim na gcontrapháirtithe airgeadais uile a ndéantar difear dóibh roinnte ar líon iomlán contrapháirtithe airgeadais na n-eintiteas airgeadais uile a ndéantar difear dóibh.	Níl	Tá	Tá	Arna shloinneadh mar chéatadán — aon luach suas le 5 charachtar uimhriúla lena n-áirítear suas le 1 ionad deachúlach amháin a shloinntear mar chéatadán (e.g. 2,4 in ionad 2,4 %). Má tá níos mó ná digit amháin i ndiaidh na deachúla sa luach, slánóidh contrapháirtithe a dhéanfaidh an tuairisciú é leath bealaigh suas.
3.8. Tionchar ar chliaint ábhartha nó ar chontrapháirtithe airgeadais ábhartha	Aon tionchar sainaitheanta ar chliaint ábhartha nó ar chontrapháirtí airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 1(3) agus Airteagal 9(1), pointe (f), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1772.	Níl	Tá, má chomhlíontar tairseach 'Ábharthacht cliant agus contrapháirtithe airgeadais'	Tá, má chomhlíontar tairseach 'Ábharthacht cliant agus contrapháirtithe airgeadais'	Boole (Tá nó Níl).
3.9. An líon idirbheart a ndéantar difear dóibh	An líon idirbheart a ndearna an mórtheagmhas a bhaineann le TFC difear dóibh. Agus measúnú á dhéanamh ar an tionchar ar idirbhearta, cuirfidh eintitis airgeadais Airteagal 1(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1772 san áireamh, lena n-áirítear na hidirbhearta intíre agus trasteorann uile a ndéantar difear dóibh ina bhfuil méid airgeadaíochta ag a bhfuil cuid amháin ar a laghad den idirbheart a dhéantar san Aontas.	Níl	Tá, má rinne an teagmhas difear d'aon idirbheart	Tá, má rinne an teagmhas difear d'aon idirbheart	Slánuimhir uimhriúil

Réimse sonraí	Tuairisc	Éigeantach don fhógra tosaigh	Éigeantach don tuarascáil idirmheánach	Éigeantach don tuarascáil chríochnaitheach	Cineál réimse
	An t-eintiteas airgeadais nach féidir leis an líon iarbhír idirbheart lena mbaineann a chinneadh, úsáidfidh sé meastacháin bunaithe ar shonraí atá ar fáil ó thréimhsí tagartha inchomparáide. I gcás tuairisciú comhiomlánaithe dá dtagraítear in Airteagal 7 den Rialachán sin, tabhair le fios an líon idirbheart a ndéantar difear dóibh ar fud na n-eintiteas airgeadais uile.				
3.10. Céatadán na n-idirbheart a ndéantar difear dóibh	Céatadán na n-idirbheart a ndéantar difear dóibh i ndáil leis an meánlíon laethúil idirbheart intíre agus trasteorann arna ndéanamh ag an eintiteas airgeadais a bhaineann leis an tseirbhís a ndéantar difear di. Cuirfidh eintitis airgeadais Airteagal 1(4) agus Airteagal 9(1), pointe (d), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1772 san áireamh. Aon eintiteas airgeadais nach féidir leis céatadán iarbhír na n-idirbheart ar imríodh tionchar orthu a chinneadh, úsáidfidh sé meastacháin. I gcás tuairisciú comhiomlánaithe dá dtagraítear in Airteagal 7 den Rialachán sin, suimeoidh eintiteas airgeadais an líon idirbheart uile a ndéantar difear dóibh agus roinnfidh sé an tsuim ar líon iomlán idirbheart na n-eintiteas airgeadais uile a ndéantar difear dóibh.	Níl	Tá, má rinne an teagmhas difear d'aon idirbheart	Tá, má rinne an teagmhas difear d'aon idirbheart	Arna shloinneadh mar chéatadán - aon luach suas le 5 charachtar uimhriúla lena n-áirítear suas le 1 ionad deachúlach amháin a shloinntear mar chéatadán (e.g. 2.4 in ionad 2.4 %). Má tá níos mó ná digit amháin i ndiaidh na deachúla sa luach, slánóidh contrapháirtithe a dhéanfaidh an tuairisciú é leath bealaigh suas.
3.11. Luach na n-idirbheart a ndéantar difear dóibh	Déanfar luach iomlán na n-idirbheart a ndearna an mórtheagmhas a bhaineann le TFC difear dóibh a mheasúnú i gcomhréir le hAirteagal 1(4) agus Airteagal 9(1), pointe (e) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1772. Eintiteas airgeadais nach féidir leis luach iarbhír na n-idirbheart lena mbaineann a chinneadh, úsáidfidh sé meastacháin bunaithe ar shonraí atá ar fáil ó thréimhsí tagartha inchomparáide. Tuairisceoidh eintiteas airgeadais an méid airgeadaíochta mar luach deimhneach. I gcás tuairisciú comhiomlánaithe dá dtagraítear in Airteagal 7 den Rialachán sin, luach iomlán na n-idirbheart a ndéantar difear dóibh ar fud na n-eintiteas airgeadais uile.	Níl	Tá, má rinne an teagmhas difear d'aon idirbheart	Tá, má rinne an teagmhas difear d'aon idirbheart	Airgeadaíoch Tuairisceoidh eintitis airgeadais an pointe sonraí in aonaid agus beachtas íosta á úsáid atá coibhéiseach leis na mílte aonad (e.g. 2,5 in ionad EUR 2 500).

Réimse sonraí	Tuairisc	Éigeantach don fhógra tosaigh	Éigeantach don tuarascáil idirmheánach	Éigeantach don tuarascáil chríochnaitheach	Cineál réimse
3.12. Faisnéis maidir le cé acu an uimhreacha iarbhír nó meastacháin iad na huimhreacha, nó cé acu a bhí nó nach raibh aon tionchar ann	Faisnéis maidir le cé acu an luachanna iarbhír nó meastacháin iad na luachanna a tuairiscíodh i réimsí sonraí 3.4. go 3.11., nó cé acu an raibh aon tionchar ann nó nach raibh.	Níl	Tá	Tá	Rogha (ilrogha): — figiúirí iarbhír do chliaint a ndéantar difear dóibh; — figiúirí iarbhír le haghaidh contrapháirtithe airgeadais a ndéantar difear dóibh; — figiúirí iarbhír maidir leis na hidirbhearta a ndéantar difear dóibh; — meastacháin do chliaint a ndéantar difear dóibh; — meastacháin le haghaidh contrapháirtithe airgeadais a ndéantar difear dóibh; — meastacháin le haghaidh na n-idirbheart a ndéantar difear dóibh; — gan aon tionchar ar chliaint; — gan aon tionchar ar chontrapháirtithe airgeadais; — gan aon tionchar ar idirbhearta.
3.13. Tionchar ar chlú	Faisnéis faoin tionchar ar chlú de thoradh an mhórtheagmhais a bhaineann le TFC dá dtagraítear in Airteagail 2 agus 10 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1772. I gcás tuairisciú comhiomlánaithe dá dtagraítear in Airteagal 7 den Rialachán sin, na catagóirí tionchair ar chlú a bhfuil feidhm acu maidir le heintiteas airgeadais amháin ar a laghad.	Níl	Tá, má chomh-líontar an critéar maidir le 'Tionchar ar chlú'	Tá, má chomhlíontar an critéar maidir le 'Tionchar ar chlú'	Rogha (ilrogha): — léiríodh an mórtheagmhas a bhaineann le TFC sna meáin; — tháinig gearáin arís agus arís eile ó chliaint nó ó chontrapháirtithe airgeadais éagsúla maidir le seirbhísí atá dírithe ar chliaint nó maidir le caidrimh chriticiúla ghnó as an mórtheagmhas a bhaineann le TFC — ní bheidh an t-eintiteas airgeadais in ann, nó is dócha nach mbeidh sé in ann, ceanglais rialála a chomhlíonadh mar thoradh ar an mórtheagmhas a bhaineann le TFC; — caillfidh an t-eintiteas airgeadais, nó is dócha go gcaillfidh sé, cliaint nó contrapháirtithe airgeadais a bhfuil tionchar ábhartha acu ar a ghnó mar thoradh ar an mórtheagmhas a bhaineann le TFC.
3.14. Faisnéis chomhthéacsúil faoin tionchar ar chlú	Faisnéis lena dtugtar tuairisc ar an gcaoi a ndearna an mórtheagmhas a bhaineann le TFC difear do chlú an eintitis airgeadais nó ar an gcaoi a bhféadfadh sé difear a dhéanamh do chlú an eintitis airgeadais, lena n-áirítear sáruithe ar an dlí, ceanglais rialála nár comhlíonadh, an líon gearán ó chliaint, agus eile.	Níl	Tá, má chomh-líontar an critéar maidir le 'Tionchar ar chlú'.	Tá, má chomhlíontar an critéar maidir le 'Tionchar ar chlú'.	Alfa-uimhriúil

Réimse sonraí	Tuairisc	Éigeantach don fhógra tosaigh	Éigeantach don tuarascáil idirmheánach	Éigeantach don tuarascáil chríochnaitheach	Cineál réimse
	Áireofar san fhaisnéis chomhthéacsúil cineál na meán (e.g. na meáin thraidisiúnta agus dhigiteacha, blaganna, ardáin sruthaithe) agus clúdach na meán, lena n-áirítear fairsinge na meán (áitiúil, náisiúnta, idirnáisiúnta). Ní chiallóidh clúdach na meán sa chomhthéacs sin cúpla trácht diúltach ó lucht leanúna nó ó úsáideoirí líonraí sóisialta. Tabharfaidh an t-eintiteas airgeadais le fios freisin ar cuireadh i dtábhacht sa chlúdach sna meáin rioscaí suntasacha dá chliaint i ndáil leis an mórtheagmhas a bhaineann le TFC, lena n-áirítear an riosca go dtarlódh dócmhainneacht an eintitis airgeadais nó an riosca go gcaillfí cistí. Cuirfidh eintitis airgeadais in iúl freisin ar chuir siad faisnéis ar fáil do na meáin a d'fhóin chun an pobal a chur ar an eolas go hiontaofa faoin mórtheagmhas a bhaineann le TFC agus faoi na hiarmhairtí a bhaineann leis. Féadfaidh eintitis airgeadais a léiriú freisin an raibh faisnéis bhréagach sna meáin i ndáil leis an teagmhas a bhaineann le TFC, lena n-áirítear faisnéis atá bunaithe ar mhífhaisnéis a scaip gníomhaithe bagartha d'aon ghnó, nó faisnéis a bhaineann le suíomh gréasáin an eintitis airgeadais nó a léiríonn aghlot shuíomh gréasáin an eintitis airgeadais.				
3.15. Fad an teagmhais	Déanfaidh eintitis airgeadais fad an mhórtheagmhais a bhaineann le TFC a thomhas ón nóiméad a tharla an mórtheagmhas a bhaineann le TFC go dtí an nóiméad a réitíodh an teagmhas. Eintitis airgeadais nach bhfuil in ann an tráth a tharla an mórtheagmhas a bhaineann le TFC a chinneadh, déanfaidh siad fad an mhórtheagmhais a bhaineann le TFC a thomhas ón tráth is luaithe idir an tráth a bhraith an t-eintiteas airgeadais an teagmhas agus an tráth a thaifead an t-eintiteas airgeadais an teagmhas i logaí líonra nó córais nó i bhfoinsí sonraí eile. Eintitis airgeadais nach eol dóibh go fóill an tráth a réiteofar an mórtheagmhas a bhaineann le TFC, cuirfidh siad measatacháin i bhfeidhm. Cuirfear an luach in iúl i laethanta, uaireanta agus nóiméid. I gcás tuairisciú comhiomlánaithe dá dtagraítear in Airteagal 7 den Rialachán sin, déanfaidh eintitis airgeadais an fad is faide a mhairfidh an mórtheagmhas a bhaineann le TFC a thomhas i gcás difríochtaí idir eintitis airgeadais.	Níl	Tá	Tá	LL:UU:MM

Réimse sonraí	Tuairisc	Éigeantach don fhógra tosaigh	Éigeantach don tuarascáil idirmheánach	Éigeantach don tuarascáil chríochnaitheach	Cineál réimse
3.16. Aga neamhfhónaimh seirbhíse	Aga neamhfhónaimh seirbhíse arna thomhas ón nóiméad nach bhfuil an tseirbhís ar fáil go hiomlán nó go páirteach do chliaint, do chontrapháirtithe airgeadais nó d'úsáideoirí inmheánacha nó seachtracha eile, go dtí an nóiméad a dhéantar gníomhaíochtaí nó oibríochtaí rialta a thabhairt ar ais go dtí an leibhéal seirbhíse a soláthraíodh roimh an mórtheagmhas a bhaineann le TFC. I gcás ina mbeidh aga neamhfhónaimh na seirbhíse ina chúis le moill ar sholáthar na seirbhíse tar éis gníomhaíochtaí nó oibríochtaí tráthrialta a thabhairt ar ais, déanfaidh eintitis airgeadais an t-aga neamhfhónaimh a thomhas ó thús an mhórtheagmhais a bhaineann le TFC go dtí an nóiméad a sholáthraítear an tseirbhís mhoillithe sin. Eintitis airgeadais nach bhfuil in ann an tráth a thosaigh aga neamhfhónaimh na seirbhíse a chinneadh, déanfaidh siad aga neamhfhónaimh na seirbhíse a thomhas ón tráth is luaithe idir an tráth a braitheadh an teagmhas agus an tráth a taifeadadh é. I gcás tuairisciú comhiomlánaithe dá dtagraítear in Airteagal 7 den Rialachán sin, déanfaidh eintitis airgeadais an fad is faide den aga neamhfhónaimh seirbhíse a thomhas i gcás difríochtaí idir eintitis airgeadais.	Níl	Tá, más rud é gur tharla aga neamhfhónaimh seirbhíse mar gheall ar an teagmhas	Tá, más rud é gur tharla aga neamhfhónaimh seirbhíse mar gheall ar an teagmhas	LL:UU:NN
3.17. Faisnéis maidir le cibé acu an uimhreacha iarbhír nó meastacháin iad na huimhreacha d'fhad an aga neamhfhónaimh seirbhíse	Faisnéis i dtaobh an luachanna iarbhír nó meastacháin iad na luachanna a thuairiscítear i réimsí sonraí 3.15 agus 3.16.	Níl	Tá, má chomhlíontar an critéar maidir le 'fad agus aga neamhfhónaimh seirbhíse'	Tá, má chomhlíontar an critéar maidir le 'fad agus aga neamhfhónaimh seirbhíse'	Rogha: — Figiúirí iarbhír; — Meastacháin; — Figiúirí agus meastacháin iarbhír; — Níl aon fhaisnéis ar fáil.
3.18. Cineálacha tionchair sna Ballstáit	An cineál tionchair sna Ballstáit LEE faoi seach. Léiriú an raibh tionchar ag an mórtheagmhas a bhaineann le TFC i mBallstáit LEE eile (seachas Ballstát an údaráis inniúil a dtuairiscítear an teagmhas go díreach dó), i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1772, agus go háirithe maidir le tábhacht an tionchair i ndáil leis an méid seo a leanas: (a) cliaint agus contrapháirtithe airgeadais a ndéantar difear dóibh i mBallstáit eile; nó	Níl	Tá, má chomhlíontar tairseach 'raon geografach'	Tá, má chomhlíontar tairseach 'raon geografach'	Rogha (ilrogha): — cliaint; — contrapháirtithe airgeadais; — brainse den eintiteas airgeadais; — eintitis airgeadais laistigh den ghrúpa a dhéanann gníomhaíochtaí sa Bhallstát faoi seach; — bonneagar an mhargaidh airgeadais; — soláthraithe tríú páirtí a d'fhéadfadh a bheith i gcoiteann le heintitis airgeadais eile.

Réimse sonraí	Tuairisc	Éigeantach don fhógra tosaigh	Éigeantach don tuarascáil idirmheánach	Éigeantach don tuarascáil chríochnaitheach	Cineál réimse
	(b) brainsí nó eintitis airgeadais eile laistigh den ghrúpa a dhéanann gníomhaíochtaí i mBallstáit eile; nó (c) bonneagair an mhargaidh airgeadais nó soláthraithe tríú páirtí, a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'eintitis airgeadais i mBallstáit eile dá soláthraíonn siad seirbhísí.				
3.19. Tuairisc ar an gcaoi a bhfuil tionchar ag an teagmhas i mBallstáit eile	Tuairisc ar thionchar agus ar dhéine an mhórtheagmhais a bhaineann le TFC i ngach Ballstát a ndéantar difear dóibh, lena n-áirítear measúnú ar an tionchar agus ar an déine maidir leis an méid seo a leanas: (a) cliaint; (b) contrapháirtithe airgeadais; (c) brainsí an eintitis airgeadais; (d) eintitis airgeadais eile laistigh den ghrúpa a dhéanann gníomhaíochtaí sa Bhallstát faoi seach; (e) bonneagar an mhargaidh airgeadais; (f) soláthraithe tríú páirtí a d'fhéadfadh a bheith i gcoiteann le heintitis airgeadais eile de réir mar is infheidhme i mBallstát nó i mBallstáit eile.	Níl	Tá, má chomh-líontar tairseach 'raon geografach'	Tá, má chomhlíontar tairseach 'raon geografach'	Alfa-uimhriúil
3.20. Tairseacha ábharthachta le haghaidh an chritéir aicmithe 'Caillteanais sonraí'	Na cineálacha caillteanas sonraí a bhaineann leis an mórtheagmhas a bhaineann le TFC i ndáil le hinfhaighteacht, barántúlacht, sláine agus rúndacht sonraí. Cuirfidh eintitis airgeadais Airteagail 5 agus 13 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1772 san áireamh ina measúnú. I gcás tuairisciú comhiomlánaithe dá dtagraítear in Airteagal 7 den Rialachán sin, na caillteanais sonraí a dhéanann difear d'eintiteas airgeadais amháin ar a laghad.	Níl	Tá, má chomh-líontar an critéar maidir le 'caillteanais sonraí'	Tá, má chomhlíontar an critéar maidir le 'caillteanais sonraí'	Rogha (ilrogha): — infhaighteacht; — barántúlacht; — sláine; — rúndacht.
3.21. Tuairisc ar na caillteanais sonraí	Tuairisc ar thionchar an mhórtheagmhais a bhaineann le TFC ar infhaighteacht, barántúlacht, sláine agus rúndacht sonraí criticiúla i gcomhréir le hAirteagail 5 agus 13 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1772. Faisnéis faoin tionchar ar chur chun feidhme chuspóirí gnó an eintitis airgeadais nó ar chomhlíonadh na gceanglas rialála. Mar chuid den fhaisnéis a chuirfear ar fáil, tabharfaidh eintitis airgeadais le fios an sonraí cliant, sonraí eintiteas eile (e.g. contrapháirtithe airgeadais), nó sonraí an eintitis airgeadais féin iad na sonraí a ndéantar difear dóibh.	Níl	Tá, má chomh-líontar an critéar maidir le 'caillteanais sonraí'	Tá, má chomhlíontar an critéar maidir le 'caillteanais sonraí'	Alfa-uimhriúil

Réimse sonraí	Tuairisc	Éigeantach don fhógra tosaigh	Éigeantach don tuarascáil idirmheánach	Éigeantach don tuarascáil chríochnaitheach	Cineál réimse
	Féadfaidh an t-eintiteas airgeadais an cineál sonraí a bhaineann leis an teagmhas a léiriú freisin — go háirithe, cé acu atá nó nach bhfuil na sonraí rúnda agus cén cineál rúndachta a bhí i gceist (e.g. rúndacht tráchtála/gnó, sonraí pearsanta, rúndacht ghairmiúil: rúndacht baincéireachta, rúndacht árachais, rúndacht seirbhísí íocaíochta, etc.). Féadfar a áireamh san fhaisnéis freisin rioscaí féideartha a bhaineann leis na caillteanais sonraí, amhail an féidir na sonraí a ndearna an teagmhas difear dóibh a úsáid chun daoine aonair a shainaithint agus an bhféadfadh an gníomhaí bagartha iad a úsáid chun creidmheas nó iasachtaí a fháil gan a dtoiliú, chun ionsaithe fioscaireachta spriocdhírithe a dhéanamh, chun faisnéis a nochtadh go poiblí. I gcás tuairisciú comhiomlánaithe dá dtagraítear in Airteagal 7 den Rialachán sin, tuairisc ghinearálta ar thionchar an teagmhais ar na heintitis airgeadais a ndéantar difear dóibh. I gcás ina mbeidh difríochtaí sa tionchar, léireofar go soiléir sa tuairisc ar an tionchar an tionchar sonrach ar na heintitis airgeadais éagsúla.				
3.22. Critéar aicmithe ‘Seirbhísí criticiúla a ndéantar difear dóibh’	Faisnéis a bhaineann leis an gcritéar ‘Seirbhísí criticiúla a ndéantar difear dóibh’. Cuirfidh eintitis airgeadais Airteagail 6 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1772 san áireamh ina measúnú, lena n-áirítear faisnéis maidir leis an méid seo a leanas: — na seirbhísí nó na gníomhaíochtaí a ndéantar difear dóibh a bhfuil údarú, clárú nó maoirseacht ag údaráis inniúla ag teastáil ina leith; nó — na seirbhísí TFC nó na córais ghréasáin agus faisnéise lena dtacaítear le feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha an eintitis airgeadais; agus — cineál na rochtana mailíseach agus neamhúdaraithe ar chórais gréasán agus faisnéise an eintitis airgeadais. I gcás tuairisciú comhiomlánaithe dá dtagraítear in Airteagal 7 den Rialachán sin, an tionchar ar sheirbhísí criticiúla a bhfuil feidhm acu maidir le heintiteas airgeadais amháin ar a laghad.	Níl	Tá	Tá	Alfa-uimhriúil

Réimse sonraí	Tuairisc	Éigeantach don fhógra tosaigh	Éigeantach don tuarascáil idirmheánach	Éigeantach don tuarascáil chríochnaitheach	Cineál réimse
3.23. An cineál teagmhais	Aicmiú teagmhas de réir cineáil.	Níl	Tá	Tá	Rogha (ilrogha): — Bainteach leis an gcibearshlándáil; — Cliseadh próisis; — Cliseadh córais; — Imeacht seachtrach — Bainteach leis an íocaíocht. — Eile (sonraigh)
3.24. Cineálacha eile teagmhas	Cineálacha eile teagmhas a bhaineann le TFC: eintitis airgeadais a roghnaigh cineál 'eile' teagmhas i réimse sonraí 3.23, sonróidh siad an cineál teagmhais a bhaineann le TFC.	Níl	Tá, má roghnaítear cineál 'eile' teagmhas i réimse sonraí 3.23	Tá, má roghnaítear cineál 'eile' teagmhas i réimse sonraí 3.23	Alfa-uimhriúil
3.25. Bagairtí agus teicnící a úsáideann an gníomhaí bagartha	Sonraigh na bagairtí agus na teicnící a úsáideann an gníomhaí bagartha, lena n-áirítear: (a) innealtóireacht shóisialta, lena n-áirítear fioscaireacht; (b) (D)DoS; (c) goid chéannachta; (d) criptiú sonraí le haghaidh tionchair, lena n-áirítear bogearraí éirice; (e) fuadach acmhainní; (f) gadaíocht agus ionramháil sonraí, gan goid chéannachta a áireamh; (g) scriosadh sonraí; (h) aghlot; (i) ionsaí sa slabhra soláthair; (j) eile (sonraigh).	Níl	Tá, má bhaineann an cineál teagmhais a bhaineann le TFC le 'cibearshlándáil' i réimse 3.23	Tá, má bhaineann an cineál teagmhais a bhaineann le TFC le 'cibearshlándáil' i réimse 3.23	Rogha (ilrogha): — Innealtóireacht shóisialta (lena n-áirítear fioscaireacht); — (D)DoS; — Goid chéannachta; — Criptiú sonraí le haghaidh tionchair, lena n-áirítear bogearraí éirice; — Fuadach acmhainní — Gadaíocht agus ionramháil sonraí, lena n-áirítear goid chéannachta; — Scriosadh sonraí; — Aghlot; — Ionsaí sa slabhra soláthair; — Eile (sonraigh).
3.26. Cineálacha eile teicnící	Cineálacha eile teicnící Na heintitis airgeadais a roghnaigh an cineál teicnící 'eile' i réimse sonraí 3.25, sonróidh siad an cineál teicníce.	Níl	Tá, má roghnaítear cineál 'eile' teicnící i réimse sonraí 3.25	Tá, má roghnaítear cineál 'eile' teicnící i réimse sonraí 3.25	Alfa-uimhriúil

Réimse sonraí	Tuairisc	Éigeantach don fhógra tosaigh	Éigeantach don tuarascáil idirmheánach	Éigeantach don tuarascáil chríochnaitheach	Cineál réimse
3.27. Faisnéis faoi na réimsí feidhme agus na próisis ghnó a ndéantar difear dóibh	Léiriú ar na réimsí feidhme agus ar na próisis ghnó a ndéanann an teagmhas difear dóibh, lena n-áirítear táirgí agus seirbhísí. Áireofar ar na limistéir fheidhmiúla na nithe seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh: (a) margaíocht agus forbairt ghnó; (b) seirbhís do chustaiméirí; (c) bainistíocht táirgí; (d) comhlíonadh rialála; (e) bainistíocht riosca; (f) airgeadas agus cuntasaíocht; (g) seirbhísí acmhainní daonna agus seirbhísí ginearálta; (h) Teicneolaíocht Faisnéise; Áireofar ar na próisis ghnó na nithe seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh: — faisnéis faoi chuntas; — seirbhísí achtúireacha; — idirbhearta íocaíochta a fháil; — fíordheimhniú/údarú; — an t-údarás — ionduchtú cliant; — riarachán sochair; — bainistíocht íocaíochta sochair; — polasaithe árachais pacáistithe a cheannach agus a dhíol idir árachais; — íocaíochtaí cárta; — bainistíocht airgid; — socrúchán airgid thirim nó aistarraingtí airgid thirim; — bainistíocht éileamh árachais; — árachas próisis éilimh; — imréiteach; — ilchuideachtaí iasachtaí corparáideacha; — comhárachais; — aistrithe creidmheasa; — cumhdach agus slánchoimeád sócmhainní; — ionduchtú custaiméirí; — ionghabháil sonraí; — próiseáil sonraí; — dochair dhíreacha; — árachais onnmhairiúcháin; — trádálacha/déileálacha a thabhairt i gcrích; — socrú ionstraimí airgeadais; — cuntasaíocht chiste;	Níl	Tá	Tá	Alfa-uimhriúil

Réimse sonraí	Tuairisc	Éigeantach don fhógra tosaigh	Éigeantach don tuarascáil idirmheánach	Éigeantach don tuarascáil chríochnaitheach	Cineál réimse
	— Airgead FX; — comhairle infheistíochta; — bainistíocht infheistíochta; — ionstraimí íocaíochta a eisiúint; — bainistíocht iasachtaithe; — próiseas íocaíochtaí árachais saoil; — seoltán airgid; — glansócmhainní a ríomh; — ordú; — tionscnamh íocaíochta; — frithghealladh árachais; — bainistíocht punainne; — bailiú préimheanna; — glacadh/tarchur/forghníomhú; — athárachas; — socraíocht; — faireachán ar idirbhearta; I gcás tuairisciú comhiomlánaithe dá dtagraítear in Airteagal 7 den Rialachán sin, na limistéir fheidhmiúla agus na próisis ghnó a ndearnadh difear dóibh maidir le heintiteas airgeadais amháin ar a laghad.				
3.28. Comhpháirteanna bonneagair a ndéantar difear dóibh a thacaíonn le próisis ghnó	Faisnéis maidir le cé acu a rinne nó nach ndearna an mórtheagmhas a bhaineann le TFC difear do chomhpháirteanna bonneagair (freastalaithe, córais oibriúcháin, bogearraí, freastalaithe feidhmchláir, meánearraí, comhpháirteanna líonra, eile) a thacaíonn le próisis ghnó.	Níl	Tá	Tá	Rogha: — Tá; — Níl; — Níl an fhaisnéis ar fáil.
3.29. Faisnéis faoi chomhpháirteanna bonneagair a ndéantar difear dóibh a thacaíonn le próisis ghnó	Tuairisc ar thionchar an mhórtheagmhais a bhaineann le TFC ar chomhpháirteanna bonneagair a thacaíonn le próisis ghnó, lena n-áirítear crua-earraí agus bogearraí. Áirítear le crua-earraí freastalaithe, ríomhairí, lárionaid sonraí, lasca, ródairí, moil. Áirítear le bogearraí córais oibriúcháin, feidhmchláir, bunachair sonraí, uirlisí slándála, comhpháirteanna líonra, sonraigh cinn eile le do thoil. Tabharfar tuairisc sna tuairiscí ar chomhpháirteanna nó ar chórais an bhonneagair a ndéantar difear dóibh nó ainmneofar iad, agus, i gcás ina mbeidh fáil orthu: (a) faisnéis faoin leagan; (b) bonneagar inmheánach/seachfhoinsithe go páirteach/seachfhoinsithe go hiomlán – ainm an tsoláthraí tríú páirtí;	Níl	Tá, má rinne an teagmhas difear do chomhpháirteanna bonneagair a thacaíonn le próisis ghnó	Tá, má rinne an teagmhas difear do chomhpháirteanna bonneagair a thacaíonn le próisis ghnó	Alfa-uimhriúil

Réimse sonraí	Tuairisc	Éigeantach don fhógra tosaigh	Éigeantach don tuarascáil idirmheánach	Éigeantach don tuarascáil chríochnaitheach	Cineál réimse
	(c) cé acu atá nó nach bhfuil an bonneagar á úsáid nó á chomhroinnt thar iliomad feidhmeanna gnó; (d) socruithe ábhartha athléimneachta/leanúnachais/aisghabhála/inionadaitheachta atá i bhfeidhm.				
3.30. Tionchar ar leas airgeadais cliant	Faisnéis maidir le cé acu a bhí nó nach raibh tionchar ag an mórtheagmhas a bhaineann le TFC ar leas airgeadais na gcliant.	Níl	Tá	Tá	Rogha: — Tá; — Níl; — Níl an fhaisnéis ar fáil.
3.31. Tuairisciú d'údaráis eile	Sonraíocht faoi na húdaráis a cuireadh ar an eolas faoin mórtheagmhas a bhaineann le TFC. Agus na difríochtaí a eascraíonn as reachtaíocht náisiúnta na mBallstát á gcur san áireamh, tuigfidh eintitis airgeadais go ginearálta coincheap na n-údarás forfheidhmithe dlí lena n-áirítear údaráis phoiblí a bhfuil sé de chumhacht acu an chibearchoireacht a ionchúiseamh, lena n-áirítear póilíní, gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí, agus ionchúisitheoirí poiblí.	Níl	Tá	Tá	Rogha (ilrogha): — Póilíní/Forfheidhmiú an Dlí; — CSIRT; — Údarás Cosanta Sonraí; — An Ghníomhaireacht Náisiúnta Chibearshlándála; — Ceann ar bith; — Eile (sonraigh le do thoil).
3.32. Sonraíocht na n-údarás 'eile'	Sonraíocht ar chineálacha 'eile' údarás a chuirtear ar an eolas faoin mórtheagmhas a bhaineann le TFC. Má roghnaítear é i réimse Sonraí 3.31. 'Eile', áireofar sa tuairisc faisnéis níos mionsonraithe faoin údarás ar chuir an t-eintiteas airgeadais faisnéis faoin mórtheagmhas a bhaineann le TFC faoina bhráid.	Níl	Tá, más rud é gur chuir an t-eintiteas airgeadais údaráis den chineál 'eile' ar an eolas faoin mórtheag-mhas a bhaineann le TFC.	Tá, más rud é gur chuir an t-eintiteas airgeadais údaráis de chineál 'eile' ar an eolas faoin mórtheagmhas a bhaineann le TFC	Alfa-uimhriúil
3.33. Gníomhaíochtaí/bearta sealadacha a rinneadh nó atá beartaithe a dhéanamh chun téarnamh ón teagmhas	Léiriú ar cé acu a chuir nó nár chuir eintiteas airgeadais chun feidhme (nó an bhfuil sé beartaithe aige iad a chur chun feidhme) aon ghníomhaíocht shealadach a rinneadh (nó atá beartaithe a dhéanamh) chun téarnamh ón mórtheagmhas a bhaineann le TFC.	Níl	Tá	Tá	Boole (Tá nó Níl).

Réimse sonraí	Tuairisc	Éigeantach don fhógra tosaigh	Éigeantach don tuarascáil idirmheánach	Éigeantach don tuarascáil chríochnaitheach	Cineál réimse
3.34. Tuairisc ar aon ghníomhaíocht shealadach agus ar aon bheart sealadach a rinneadh nó atá beartaithe a dhéanamh chun téarnamh ón teagmhas	Tabharfar tuairisc san fhaisnéis ar na gníomhaíochtaí láithreacha a rinneadh, lena n-áirítear an teagmhas a leithlisiú ar leibhéal an líonra, nósanna imeachta chun oibriú timpeall air a ghníomhachtú, poirt USB bhlocáilte, láithreán Athshlánaithe ó Thubaiste gníomhachtaithe, aon rialú slándála breise eile a cuireadh i bhfeidhm go sealadach. Cuirfidh eintitis airgeadais in iúl dáta agus am chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí sealadacha agus an dáta a mheastar a fhillfear ar an bpríomhláithreán. I gcás aon ghníomhaíocht shealadach nár cuireadh chun feidhme ach atá beartaithe fós, léiriú ar an dáta faoina bhfuiltear ag súil lena gcur chun feidhme. Mura ndearnadh aon ghníomhaíocht/beart sealadach, sonraigh an chúis.	Níl	Tá, má rinneadh gníomhaíochtaí/ bearta sealadacha nó má tá sé beartaithe iad a dhéanamh (réimse sonraí 3.33)	Tá, má rinneadh gníomhaíochtaí/bearta sealadacha nó má tá sé beartaithe iad a dhéanamh (réimse sonraí 3.33)	Alfa-uimhriúil
3.35. Táscairí comhréitigh	Faisnéis a bhaineann leis an mórtheagmhas a bhaineann le TFC a d'fhéadfadh cuidiú le gníomhaíocht mhailíseach laistigh de líonra nó de chóras faisnéise (Táscairí Comhréitigh, nó IoC) a shainaithint, i gcás inarb infheidhme. Níl feidhm ag an réimse ach amháin maidir leis na heintitis airgeadais sin a thagann faoi raon feidhme Threoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) agus maidir leis na heintitis airgeadais sin a shainaithnítear mar eintitis fhíor-riachtanacha nó thábhachtacha de bhun rialacha náisiúnta lena dtrasuitear Airteagal 3 de Threoir (AE) 2022/2555, i gcás inarb ábhartha. Áireofar na catagóirí sonraí seo a leanas sna táscairí comhréitigh arna soláthar ag an eintiteas airgeadais: (a) seoltaí IP; (b) seoltaí URL; (c) fearainn; (d) haiseanna comhaid; (e) sonraí bogearraí mailíseacha (ainm bogearraí mailíseacha, ainmneacha comhaid agus a suíomhanna, eochracha clárlainne sonracha a bhaineann le gníomhaíocht bogearraí mailíseacha); (f) sonraí maidir le gníomhaíochtaí líonra (calafoirt, prótacail, seoltaí, atreoraithe, gníomhairí úsáideora, ceanntásca, logaí sonracha nó patrúin shainiúla i dtrácht líonra); (g) sonraí teachtaireachta ríomhphoist (seoltóir, faighteoir, ábhar, ceanntásc, ábhar);	Níl	Tá, má roghnaítear teagmhas a bhaineann leis an gcibearshlándáil mar chineál teagmhais i réimse sonraí 3.23	Tá, má roghnaítear teagmhas a bhaineann leis an gcibearshlándáil mar chineál teagmhais i réimse sonraí 3.23	Alfa-uimhriúil

Réimse sonraí	Tuairisc	Éigeantach don fhógra tosaigh	Éigeantach don tuarascáil idirmheánach	Éigeantach don tuarascáil chríochnaitheach	Cineál réimse
	(h) Iarrataí DNS agus cumraíochtaí clárlainne; (i) gníomhaíochtaí cuntais úsáideora (logaí, gníomhaíocht faoi phribhléid cuntais úsáideora, géarú ar phribhléid); (j) trácht bunachar sonraí (léite/scríofa), iarrataí ar an gcomhad céanna. Sa chleachtas, féadfar a áireamh ar an gcineál sin faisnéise sonraí a bhaineann, *inter alia*, le táscairí lena ndéantar cur síos ar phatrúin i dtrácht líonra a chomhfhreagraíonn d'ionsaithe aitheanta/cumarsáid botaí, seoltaí IP meaisíní atá ionfhabhtaithe le bogearraí mailíseacha (botaí), sonraí a bhaineann le freastalaithe 'ordaithe agus rialaithe' a úsáideann bogearraí mailíseacha (fearainn nó seoltaí IP de ghnáth), agus URLanna a bhaineann le suíomhanna fioscaireachta nó suíomhanna gréasáin a breathnaíodh a bhfuil bogearraí mailíseacha á n-óstáil acu nó a bhaineann leas as fearais.				
Ábhar na tuarascála críochnaithí					
4.1. Aicmiú ardleibhéil ar bhunchúiseanna an teagmhais	Aicmiú ardleibhéil ar bhunchúis an mhórtheagmhais a bhaineann le TFC faoi na cineálacha teagmhais, lena n-áirítear na catagóirí ardleibhéil seo a leanas: (a) gníomhaíochtaí mailíseacha; (b) cliseadh próisis; (c) cliseadh/mífheidhmiú córais; (d) earráid dhaonna (e) imeacht seachtrach.	Níl	Níl	Tá	Rogha (ilrogha): — gníomhaíochtaí mailíseacha; — cliseadh próisis; — cliseadh/mífheidhmiú córais; — earráid dhaonna; — imeacht seachtrach.
4.2. Aicmiú mionsonraithe ar bhunchúiseanna an teagmhais	Aicmiú mionsonraithe na mbunchúiseanna leis an mórtheagmhas a bhaineann le TFC faoi na cineálacha teagmhas, lena n-áirítear na catagóirí mionsonraithe seo a leanas atá nasctha leis na catagóirí ardleibhéil a thuairiscítear i réimse sonraí 4.1: 1. **Gníomhartha mailíseacha** (má roghnaítear iad, roghnaigh ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas): (a) gníomhaíochtaí inmheánacha a dhéantar d'aon ghnó; (b) damáiste/ionramháil/goid fhisiceach d'aon ghnó; (c) gníomhaíochtaí calaoiseacha. 2. **Cliseadh próisis** (má roghnaítear é, roghnaigh ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas): (a) faireachán neamhleor nó cliseadh ar fhaireacháin agus rialú;	Níl	Níl	Tá	Rogha (ilrogha): — gníomhaíochtaí mailíseacha: gníomhaíochtaí inmheánacha a dhéantar d'aon ghnó; — gníomhaíochtaí mailíseacha: damáiste/ionramháil/goid fhisiceach d'aon ghnó; — gníomhaíochtaí mailíseacha: gníomhaíochtaí calaoiseacha; — cliseadh próisis: faireachán neamhleor nó cliseadh ar fhaireacháin agus rialú; — cliseadh próisis: róil agus freagrachtaí neamhleora/neamhshoiléire; — cliseadh próisis: cliseadh ar phróiseas bainistíochta riosca TFC; — cliseadh próisis: oibríochtaí TFC agus oibríochtaí slándála TFC neamhleora nó cliseadh ar oibríochtaí TFC agus oibríochtaí slandála TFC;

Réimse sonraí	Tuairisc	Éigeantach don fhógra tosaigh	Éigeantach don tuarascáil idirmheánach	Éigeantach don tuarascáil chríochnaitheach	Cineál réimse
	(b) róil agus freagrachtaí neamhleora/doiléire; (c) cliseadh ar phróiseas bainistíochta riosca TFC; (d) oibríochtaí TFC agus oibríochtaí slándála TFC neamhleora nó cliseadh ar oibríochtaí TFC agus oibríochtaí slandála TFC; (e) bainistíocht tionscadal TFC neamhleor nó cliseadh ar bhainistíocht tionscadal TFC; (f) beartais, nósanna imeachta agus doiciméadacht inmheánach neamhleor; (g) fáil, forbairt nó cothabháil neamhleor córas TFC; (h) eile (sonraigh). 3. **Cliseadh/mífheidhmiú córais** (má roghnaítear é, roghnaigh ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas): (a) cumas agus feidhmíocht crua-earraí: mórtheagmhais a bhaineann le TFC arb iad acmhainní crua-earraí is cúis leo agus nach leor iad ó thaobh acmhainneachta nó feidhmíochta de chun na ceanglais reachtacha is infheidhme a chomhlíonadh; (b) cothabháil crua-earraí: mórtheagmhais a bhaineann le TFC a eascraíonn as cothabháil neamhleor comhpháirteanna crua-earraí, seachas 'Dífheidhmeacht/aosú crua-earraí'; (c) dífheidhmeacht/aosú crua-earraí: baineann an bhunchúis sin le mórtheagmhais a bhaineann le TFC a eascraíonn as comhpháirteanna crua-earraí atá as dáta nó atá ag dul in aois; (d) comhoiriúnacht/cumraíocht bogearraí: mórtheagmhais a bhaineann le TFC a tharlaíonn de bharr comhpháirteanna bogearraí nach bhfuil ag luí le cumraíochtaí bogearraí nó córais eile, lena n-áirítear mórtheagmhais a bhaineann le TFC a eascraíonn as coinbhleachtaí bogearraí, suíomhanna míchearta, nó paraiméadair mhíchumraithe a mbíonn tionchar acu ar fheidhmiúlacht fhoriomlán an chórais; (e) feidhmíocht bogearraí: mórtheagmhais a bhaineann le TFC a eascraíonn as comhpháirteanna bogearraí a léiríonn drochfheidhmíocht nó neamhéifeachtúlachtaí, ar chúiseanna seachas na cúiseanna a shonraítear faoi 'Comhoiriúnacht/cumraíocht bogearraí', lena n-áirítear mórtheagmhais a bhaineann le TFC arb é is cúis leo agaí freagartha malla, ídiú iomarcach acmhainní, nó feidhmiú neamhéifeachtúil ceisteanna a mbíonn tionchar acu ar fheidhmíocht na mbogearraí nó an chórais;				— cliseadh próisis: bainistíocht tionscadal TFC neamhleor nó cliseadh ar bhainistíocht tionscadal TFC; — cliseadh próisis: Beartais inmheánacha, nósanna imeachta inmheánacha agus doiciméadacht inmheánach neamhleor; — Cliseadh próisis: fáil, forbairt agus cothabháil neamhleor córas TFC; — cliseadh próisis: eile (sonraigh); — cliseadh córais: acmhainneacht agus feidhmíocht crua-earraí; — cliseadh córais: cothabháil crua-earraí; — cliseadh córais: dífheidhmeacht/aosú crua-earraí; — cliseadh córais: comhoiriúnacht/cumraíocht bogearraí; — cliseadh córais: feidhmíocht bogearraí; — cliseadh córais: cumraíocht an líonra; — cliseadh córais: damáiste fisiciúil; — cliseadh córais: eile (sonraigh); — earráid dhaonna: neamhghníomh; – — earráid dhaonna botún; — earráid dhaonna scileanna & eolas; — earráid dhaonna acmhainní daonna neamhleora; — earráid dhaonna míchumarsáid; — earráid dhaonna eile (sonraigh); — imeacht seachtrach: tubaistí nádúrtha/force majeure; — imeacht seachtrach: teipeanna tríú páirtí; — imeacht seachtrach: eile (sonraigh).

Réimse sonraí	Tuairisc	Éigeantach don fhógra tosaigh	Éigeantach don tuarascáil idirmheánach	Éigeantach don tuarascáil chríochnaitheach	Cineál réimse
	(f) cumraíocht an líonra: mórtheagmhais a bhaineann le TFC a eascraíonn as socruithe nó bonneagar líonra atá mícheart nó míchumraithe, lena n-áirítear mórtheagmhais a bhaineann le TFC de bharr earráidí i gcumraíocht an ghréasáin, saincheisteanna ródúcháin, míchumraíochtaí balla dóiteáin, nó fadhbanna eile a bhaineann leis an ngréasán a dhéanann difear don nascacht nó don chumarsáid; (g) damáiste fisiciúil: mórtheagmhais a bhaineann le TFC de dheasca damáiste fisiciúil do bhonneagar TFC as a n-eascraíonn cliseadh córais; (h) eile (sonraigh). 4. **Earráid dhaonna** (má roghnaítear é, roghnaigh ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas): (a) neamhghníomh (neamhbheartaithe); (b) botún; (c) scileanna & eolas: mórtheagmhais a bhaineann le TFC mar thoradh ar easpa saineolais nó oilteachta maidir le córais nó próisis TFC a láimhseáil a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar oiliúint neamhleor, eolas neamhleor, nó bearnaí sna scileanna is gá chun cúraimí sonracha a dhéanamh nó chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin theicniúla; (d) acmhainní daonna neamhleora: mórtheagmhais a bhaineann le TFC arb é is cúis leo easpa acmhainní riachtanacha, lena n-áirítear crua-earraí, bogearraí, bonneagar, nó pearsanra, agus lena n-áirítear cásanna ina mbíonn neamhéifeachtúlachtaí oibríochtúla, cliseadh córais nó neamhábaltacht éilimh ghnó a chomhlíonadh mar thoradh ar acmhainní neamhleora; (e) míchumarsáid; (f) eile (sonraigh, le do thoil). 5. **Imeacht seachtrach** (má roghnaítear é, roghnaigh ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas) (a) tubaistí nádúrtha/force majeure; (b) teipeanna tríú páirtí;				

Réimse sonraí	Tuairisc	Éigeantach don fhógra tosaigh	Éigeantach don tuarascáil idirmheánach	Éigeantach don tuarascáil chríochnaitheach	Cineál réimse
	(c) eile (sonraigh). Déanfaidh eintitis airgeadais a mheas, i gcás mórtheagmhais atarlaithe a bhaineann le TFC, go gcuirtear bunchúis shonrach dhealraitheach an teagmhais san áireamh seachas na catagóirí leathana a áirítear sa réimse sin.				
4.3. Aicmiú breise ar bhunchúiseanna an teagmhais	Aicmiú breise ar bhunchúiseanna an mhórtheagmhais a bhaineann le TFC faoin gcineál teagmhais, lena n-áirítear na catagóirí aicmithe breise seo a leanas atá nasctha leis na catagóirí mionsonraithe atá le tuairisciú i réimse sonraí 4.2. Tá an réimse éigeantach le haghaidh na tuarascála críochnaithí má thuairiscítear catagóirí sonracha a dteastaíonn tuilleadh gráinneachta ina leith i réimse sonraí 4.2. 2(a) **Faireachán agus rialú neamhleor nó cliseadh ar fhaireacháin agus rialú;** (a) faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh beartas; (b) faireachán a dhéanamh ar sholáthraithe seirbhísí tríú páirtí; (c) faireachán agus fíorú a dhéanamh ar leigheas na leochaileachtaí; (d) bainistiú céannachta agus rochtana; (e) criptiú agus cripteagrafaíocht; (f) logáil. 2(c) **cliseadh ar phróiseas bainistíochta riosca TFC:** (a) teip maidir le leibhéil chruinne lamháltais riosca a shonrú; (b) measúnuithe leochaileachta agus bagartha neamhleora; (c) bearta neamhleora maidir le láimhseáil riosca; (d) drochbhainistiú rioscaí TFC iarmharacha. 2(d) **Oibríochtaí TFC agus oibríochtaí slándála TFC neamhleora nó cliseadh ar oibríochtaí TFC agus oibríochtaí slándala TFC:** (a) bainistíocht leochaileachta agus bainistiú paistí; (b) athruithe a bhainistiú; (c) bainistíocht acmhainneachta agus feidhmíochta; (d) bainistíocht sócmhainní TFC agus aicmiú faisnéise;	Níl	Níl	Tá	Rogha (ilrogha): — faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh beartas; — faireachán a dhéanamh ar sholáthraithe seirbhísí tríú páirtí; — faireachán agus fíorú a dhéanamh ar leigheas na leochaileachtaí; — bainistiú céannachta agus rochtana; — criptiú agus cripteagrafaíocht; — logáil; — teip maidir le leibhéil chruinne lamháltais riosca a shonrú; — measúnaithe leochaileachta agus bagartha neamhleora; — bearta neamhleora maidir le láimhseáil riosca; — drochbhainistiú rioscaí TFC iarmharacha; — bainistíocht leochaileachta agus bainistiú paistí; — athruithe a bhainistiú; — bainistíocht acmhainneachta agus feidhmíochta; — bainistíocht sócmhainní TFC agus aicmiú faisnéise; — cúltaca agus tabhairt ar ais; — láimhseáil earráidí; — fáil, forbairt agus cothabháil neamhleor ar chórais TFC; — tástáil bhogearraí nó cliseadh ar thástáil bhogearraí

Réimse sonraí	Tuairisc	Éigeantach don fhógra tosaigh	Éigeantach don tuarascáil idirmheánach	Éigeantach don tuarascáil chríochnaitheach	Cineál réimse
	(e) cúltaca agus tabhairt ar ais; (f) láimhseáil earráidí. 2(g) **Fáil, forbairt agus cothabháil neamhleor ar chórais TFC:** (a) fáil, forbairt agus cothabháil neamhleor ar chórais TFC; (b) tástáil bhogearraí neamhleor nó cliseadh ar thástáil bhogearraí.				
4.4. Cineálacha eile de chineálacha na bunchúise	Maidir le heintitis airgeadais a roghnaigh an cineál bunchúise 'eile' i réimse sonraí 4.2., sonróidh siad cineálacha eile bunchúise	Níl	Níl	Tá, má roghnaítear cineál 'eile' bunchúiseanna i réimse sonraí 4.2.	Alfa-uimhriúil
4.5. Faisnéis faoi bhunchúiseanna an teagmhais	Tuairisc ar an seicheamh teagmhas as ar eascair an mórtheagmhas a bhaineann le TFC agus tuairisc ar an gcaoi a bhfuil bunchúis dhealraitheach chomhchosúil ag an mórtheagmhas a bhaineann le TFC má aicmítear an teagmhas sin mar theagmhas atarlaithe, lena n-áirítear tuairisc bheacht ar na bunchúiseanna agus na príomhthosca uile a chuir le tarlú an mhórtheagmhais a bhaineann le TFC. I gcás ina raibh gníomhaíochtaí mailíseacha ann, tuairisc ar *modus operandi* na gníomhaíochta mailísí, lena n-áirítear na teaicticí, na teicnící agus na nósanna imeachta a úsáideadh, chomh maith le veicteoir iontrála an mhórtheagmhais a bhaineann le TFC, lena n-áirítear cur síos ar na himscrúduithe agus ar an anailís as ar eascair sainaithint na mbunchúiseanna, más infheidhme.	Níl	Níl	Tá	Alfa-uimhriúil
4.6. Teagmhas a réiteach	Faisnéis bhreise maidir leis na gníomhaíochtaí/bearta a rinneadh/atá beartaithe chun an mórtheagmhas a bhaineann le TFC a réiteach go buan agus chun nach dtarlóidh an teagmhas sin arís. Ceachtanna a foghlaimíodh ón mórtheagmhas a bhaineann le TFC.	Níl	Níl	Tá	Alfa-uimhriúil

Réimse sonraí	Tuairisc	Éigeantach don fhógra tosaigh	Éigeantach don tuarascáil idirmheánach	Éigeantach don tuarascáil chríochnaitheach	Cineál réimse
	Beidh na pointí seo a leanas sa tuairisc: 1. **Tuairisc ar ghníomhaíochtaí réitigh** (a) gníomhaíochtaí arna ndéanamh chun an mórtheagmhas a bhaineann le TFC a réiteach go buan (gan aon ghníomhaíocht shealadach a áireamh); (b) i gcás gach gníomhaíochta a dhéantar, tabhair le fios rannpháirtíocht fhéideartha soláthraí tríú páirtí agus an eintitis airgeadais; (c) tabhair le fios ar cuireadh nósanna imeachta in oiriúint tar éis an mhórtheagmhais a bhaineann le TFC; (d) tabhair le fios aon rialú breise a cuireadh i bhfeidhm nó atá beartaithe le hamlíne ghaolmhar cur chun feidhme. Saincheisteanna a d'fhéadfadh a bheith ann a sainaithníodh maidir le stóinseacht na gcóras TF a n-imrítear tionchar orthu/nó i dtéarmaí na nósanna imeachta nó na rialuithe atá i bhfeidhm, más infheidhme. Cuirfidh eintitis airgeadais in iúl go soiléir conas a thabharfaidh na gníomhaíochtaí feabhsúcháin atá beartaithe aghaidh ar na bunchúiseanna sainaitheanta agus cathain a mheastar go réiteofar an mórtheagmhas a bhaineann le TFC go buan. 2. **Ceachtanna a foghlaimíodh** Tabharfaidh eintitis airgeadais tuairisc ar thorthaí ón athbhreithniú iartheagmhais.				
4.7. An dáta agus an t-am a tugadh aghaidh ar bhunchúis an teagmhais	An dáta agus an t-am a tugadh aghaidh ar bhunchúis an teagmhais.	Níl	Níl	Tá	ISO 8601 AUL caighdeánach (BBBB-MM-LL Auu: nn:ss)
4.8. An dáta agus an t-am a réitíodh an teagmhas	An dáta agus an t-am a réitíodh an teagmhas.	Níl	Níl	Tá	ISO 8601 AUL caighdeánach (BBBB-MM-LL Auu: nn:ss)

Réimse sonraí	Tuairisc	Éigeantach don fhógra tosaigh	Éigeantach don tuarascáil idirmheánach	Éigeantach don tuarascáil chríochnaitheach	Cineál réimse
4.9. Faisnéis maidir le cé acu atá nó nach bhfuil dáta buan réitigh na dteagmhas éagsúil leis an dáta cur chun feidhme a bhí beartaithe ar dtús	Tuairiscí ar an gcúis go bhfuil dáta buan réitigh na mórtheagmhas a bhaineann le TFC éagsúil leis an dáta cur chun feidhme a bhí beartaithe ar dtús, i gcás inarb infheidhme.	Níl	Níl	Tá	Alfa-uimhriúil
4.10. Measúnú ar riosca d'fheidhmeanna criticiúla chun críocha réitigh	Measúnú ar cé acu atá nó nach bhfuil riosca ag baint leis an mórtheagmhas a bhaineann le TFC d'fheidhmeanna criticiúla de réir bhrí Airteagal 2(1), pointe (35), de Threoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]). Cuirfidh eintitis dá dtagraítear in Airteagal 1(1) de Threoir 2014/59/AE in iúl an gcruthaíonn an teagmhas riosca d'fheidhmeanna criticiúla de réir bhrí Airteagal 2(1), pointe (35), de Threoir 2014/59/AE, agus mar a thuairiscítear i dTeimpléad Z07.01 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1624 ón gCoimisiún ([3]) agus a mhapáiltear ar an eintiteas sonrach i dTeimpléad Z07.02.	Níl	Níl	Tá, má bhaineann riosca leis an teagmhas d'fheidhm-eanna criticiúla eintiteas airgeadais faoi Airteagal 2(1), pointe 35, de Threoir 2014/59/AE	Alfa-uimhriúil
4.11. Faisnéis atá ábhartha d'údaráis réitigh	Tuairisc ar cé acu a rinne nó nach ndearna an mórtheagmhas a bhaineann le TFC difear d'inréiteacht an eintitis nó an ghrúpa agus, má rinne, conas a rinne sé difear dó. Cuirfidh eintitis dá dtagraítear in Airteagal 1(1) de Threoir 2014/59/AE faisnéis ar fáil faoi cé acu a rinne nó nach ndearna an mórtheagmhas a bhaineann le TFC difear d'inréiteacht an eintitis nó an ghrúpa agus, má rinne, conas a rinne sé amhlaidh. Cuirfidh na heintitis sin in iúl freisin an ndéanann an mórtheagmhas a bhaineann le TFC difear do shócmhainneacht nó do leachtacht an eintitis airgeadais agus do chainníochtú féideartha an tionchair. Soláthróidh na heintitis sin faisnéis freisin maidir leis an tionchar ar leanúnachas oibríochtúil, an tionchar ar inréiteacht an eintitis, aon tionchar breise ar na costais agus na caillteanais ón mórtheagmhas a bhaineann le TFC, lena n-áirítear ar staid chaipitil an eintitis airgeadais, agus cé acu atá nó nach bhfuil na socruithe conarthacha maidir le húsáid seirbhísí TFC fós láidir agus in-fhorfheidhmithe go hiomlán i gcás réiteach an eintitis.	Níl	Níl	Tá, má rinne an teagmhas difear d'inréiteacht an eintitis nó an ghrúpa.	Alfa-uimhriúil

Réimse sonraí	Tuairisc	Éigeantach don fhógra tosaigh	Éigeantach don tuarascáil idirmheánach	Éigeantach don tuarascáil chríochnaitheach	Cineál réimse
4.12. Tairseach ábharthachta le haghaidh an chritéir aicmithe 'Tionchar eacnamaíoch'	Faisnéis mhionsonraithe faoi thairseacha a baineadh amach ar deireadh leis an mórtheagmhas a bhaineann le TFC i ndáil leis an gcritéar 'Tionchar eacnamaíoch' dá dtagraítear in Airteagail 7 agus 14 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1772.	Níl	Níl	Tá	Alfa-uimhriúil
4.13. Méid na n-ollchostas agus na n-ollchaillteanas díreach agus indíreach	Méid iomlán na n-ollchostas díreach agus indíreach agus na gcaillteanas arna dtabhú ag an eintiteas airgeadais a eascraíonn as an mórtheagmhas a bhaineann le TFC, lena n-áirítear: (a) méid na gcistí nó sócmhainní airgeadais díshealbhaithe a bhfuil an t-eintiteas airgeadais faoi dhliteanas ina leith; (b) méid na gcostas athsholáthair nó athshuímh a bhaineann le bogearraí, crua-earraí nó bonneagar; (c) méid na gcostas foirne, lena n-áirítear costais a bhaineann le foireann a ionadú nó a athlonnú, foireann bhreise a fhostú, luach saothair ragoibre agus scileanna na foirne a cailleadh nó a lagaíodh a aisghabháil; (d) méid na dtáillí i ngeall ar neamhchomhlíonadh oibleagáidí conarthacha; (e) méid an tsásaimh custaiméara agus na gcostas cúitimh; (f) an méid caillteanas mar gheall ar ioncam ligthe thar ceal; (g) méid na gcostas a bhaineann le cumarsáid inmheánach agus sheachtrach; (h) méid na gcostas comhairleach, lena n-áirítear costais a bhaineann le comhairleoireacht dhlíthiúil, seirbhísí fóiréinseacha agus feabhsúcháin; (i) an méid costas agus caillteanas eile, lena n-áirítear: (i) muirir dhíreacha, lena n-áirítear laguithe agus muirir socraíochta, ar an gcuntas brabúis agus caillteanais agus díluachálacha de dheasca an mhórtheagmhais a bhaineann le TFC; (ii) soláthairtí nó cúlchistí a chuirtear san áireamh sa chuntas brabúis agus caillteanais in aghaidh caillteanais dhóchúla a bhaineann leis an mórtheagmhas a bhaineann le TFC;	Níl	Níl	Tá	Airgeadaíoch

Réimse sonraí	Tuairisc	Éigeantach don fhógra tosaigh	Éigeantach don tuarascáil idirmheánach	Éigeantach don tuarascáil chríochnaitheach	Cineál réimse
	(iii) caillteanais atá ar feitheamh, i bhfoirm caillteanas a eascraíonn as an mórtheagmhas a bhaineann le TFC, a chuirtear in áirithe go sealadach i gcuntais neamhbhuana nó fionraí agus nach léirítear go fóill sa bhrabús agus sa chaillteanas a bhfuil sé beartaithe iad a chur san áireamh laistigh de thréimhse ama i gcomhréir le méid agus aois na míre atá ar feitheamh; (iv) ioncaim ábhartha neamhbhailithe, a bhaineann le hoibleagáidí conarthacha le tríú páirtithe, lena n-áirítear an cinneadh cliant a chúiteamh tar éis an mhórtheagmhais a bhaineann le TFC, seachas trí aisíocaíocht nó íocaíocht dhíreach, trí choigeartú ioncaim lena dtarscaoiltear nó lena laghdaítear táillí conarthacha ar feadh tréimhse shonrach ama sa todhchaí; (v) caillteanais uainithe, i gcás ina gcumhdaíonn siad níos mó ná bliain chuntasaíochta airgeadais amháin agus ina n-eascraíonn riosca dlíthiúil astu. Ina measúnú, cuirfidh eintitis airgeadais Airteagail 7(1) agus (2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1772 san áireamh. Ní chuirfidh eintitis airgeadais aisghabhálacha airgeadais d'aon chineál san áireamh san fhigiúr seo. Tuairisceoidh eintitis airgeadais an méid airgeadaíochta mar luach deimhneach. I gcás tuairisciú comhiomlánaithe dá dtagraítear in Airteagal 7 den Rialachán sin, cuirfidh eintitis airgeadais san áireamh méid iomlán na gcostas agus na gcaillteanas ar fud na n-eintiteas airgeadais uile. Tuairisceoidh eintitis airgeadais an pointe sonraí in aonaid agus beachtas íosta á úsáid atá coibhéiseach leis na mílte aonad.				
4.14. An méid airgeadais a aisghabhadh	Méid iomlán na n-aisghabhálacha airgeadais. Bainfidh aisghabhálacha airgeadais leis an gcaillteanas bunaidh a tharla de dheasca an teagmhais, go neamhspleách ar an tráth a fhaightear na haisghabhálacha airgeadais i bhfoirm cistí nó insreafaí sochar eacnamaíoch.	Níl	Níl	Tá	Airgeadaíoch Tuairisceoidh eintitis airgeadais an pointe sonraí in aonaid agus úsáid á baint as íosbheachtas atá coibhéiseach leis na mílte aonad

Réimse sonraí	Tuairisc	Éigeantach don fhógra tosaigh	Éigeantach don tuarascáil idirmheánach	Éigeantach don tuarascáil chríochnaitheach	Cineál réimse
	Tuairisceoidh eintitis airgeadais an méid airgeadaíochta mar luach deimhneach. I gcás tuairisciú comhiomlánaithe dá dtagraítear in Airteagal 7 den Rialachán sin, cuirfidh eintitis airgeadais san áireamh méid iomlán na n-aisghabhálacha airgeadais ar fud na n-eintiteas airgeadais uile.				
4.15. Faisnéis i dtaobh ar theagmhais atarlaithe iad na teagmhais nach mórtheagmhais iad	Faisnéis maidir le cé acu a tharla nó nár tharla níos mó ná mórtheagmhas amháin a bhaineann le TFC arís agus arís eile agus cé acu a mheastar nó nach meastar le chéile gur mórtheagmhas é de réir bhrí Airteagal 8(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1772. Cuirfidh eintitis airgeadais in iúl an raibh na teagmhais a bhaineann le TFC nach mórtheagmhais iad atarlaithe agus an meastar le chéile gur mórtheagmhas amháin a bhaineann le TFC iad. Cuirfidh eintitis airgeadais in iúl freisin an líon teagmhas sin a bhaineann le TFC nach mórtheagmhais iad a tharla.	Níl	Níl	Tá, má bhíonn níos mó ná teagmhas atarlaithe amháin nach mórtheagmhas é i gceist leis an mórtheagmhas.	Alfa-uimhriúil
4.16. An dáta agus an t-am a tharla teagmhais atarlaithe	I gcás ina dtuairisceoidh eintitis airgeadais teagmhais atarlaithe a bhaineann le TFC, an dáta agus an t-am a tharla an chéad teagmhas a bhaineann le TFC.	Níl	Níl	Tá, i gcás teagmhais atarlaithe	ISO 8601 AUL caighdeánach (BBBB-MM-LL Auu: nn:ss)

([1]) Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus Treoir (AE) 2018/1972 agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148 (Treoir NIS 2) (IO L 333, 27.12.2022, lch. 80).

([2]) Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat do théarnamh agus réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 agus Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1624 ón gCoimisiún an 23 Deireadh Fómhair 2018 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme maidir le nósanna imeachta agus foirmeacha agus teimpléid chaighdeánacha le haghaidh soláthar faisnéise chun críocha pleananna réitigh le haghaidh institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta de bhun Threoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1066 ón gCoimisiún (IO L 277, 7.11.2018, lch. 1).

IARSCRÍBHINN III

TEIMPLÉID CHUN FÓGRA A THABHAIRT FAOI CHIBEARBHAGAIRTÍ SUNTASACHA

Uimhir an réimse	Réimse sonraí	
1	Ainm an eintitis a bhfuil an fógra á chur isteach aige	
2	Cód aitheantais an eintitis a bhfuil an fógra á chur isteach aige	
3	Cineál an eintitis airgeadais a bhfuil an fógra á chur isteach aige	
4	Ainm an eintitis airgeadais	
5	Cód LEI an eintitis airgeadais	
6	Ainm an phríomhtheagmhálaí	
7	Seoladh ríomhphoist an phríomhtheagmhálaí	
8	Teileafón an phríomhtheagmhálaí	
9	Ainm an dara teagmhálaí	
10	Seoladh ríomhphoist an dara teagmhálaí	
11	Teileafón an dara teagmhálaí	
12	Dáta agus am braite na cibearbhagartha	
13	Tuairisc ar an gcibearbhagairt shuntasach	
14	Faisnéis faoin tionchar a d'fhéadfadh a bheith ann	
15	Critéir maidir le teagmhas féideartha a aicmiú	
16	Stádas na cibearbhagartha	
17	Gníomhaíochtaí a rinneadh chun teacht chun cinn a chosc	
18	Fógra a thabhairt do pháirtithe leasmhara eile	
19	Táscairí comhréitigh	
20	Faisnéis ábhartha eile	

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/302/oj

IARSCRÍBHINN IV

GLUAIS SONRAÍ AGUS TREORACHA MAIDIR LE FÓGRA A THABHAIRT FAOI CHIBEARBHAGAIRTÍ SUNTASACHA

Réimse sonraí	Tuairisc	Réimse éigeantach	Cineál réimse
1. Ainm an eintitis a bhfuil an fógra á chur isteach aige	Ainm dlíthiúil iomlán an eintitis a bhfuil an fógra á chur isteach aige.	Tá	Alfa-uimhriúil
2. Cód aitheantais an eintitis a bhfuil an fógra á chur isteach aige	Cód aitheantais an eintitis a bhfuil an fógra á chur isteach aige. I gcás ina gcuireann eintitis airgeadais an fógra/tuarascáil isteach, is éard a bheidh sa chód aitheantais Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI), ar cód uathúil é ina bhfuil 20 carachtar alfa-uimhriúla, bunaithe ar ISO 17442-1:2020. I gcás ina gcuireann soláthraí tríú páirtí tuarascáil isteach le haghaidh eintiteas airgeadais, féadfaidh sé cód aitheantais a úsáid mar a shonraítear sna caighdeáin theicniúla cur chun feidhme arna nglacadh de bhun Airteagal 28(9) de Rialachán (AE) 2022/2554.	Tá	Alfa-uimhriúil
3. An cineál eintitis airgeadais a bhfuil an tuarascáil á cur isteach aige	Cineál an eintitis dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointí (a) go (t) de Rialachán (AE) 2022/2554 a chuireann an tuarascáil isteach.	Tá, mura soláthraíonn an t-eintiteas airgeadais a ndéantar difear dó an tuarascáil go díreach.	Rogha (ilrogha): — institiúid creidmheasa; — institiúid íocaíochta; — institiúid íocaíochta dhíolmhaithe; — soláthraí seirbhísí faisnéise cuntais; — institiúid ríomh-airgid; — institiúid ríomh-airgid dhíolmhaithe; — gnólacht infheistíochta; — soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní; — eisitheoir comharthaí sócmhainn-tagartha; — taisclann lárnach urrús; — contrapháirtí lárnach; — ionad trádála; — stór trádála; — bainisteoir ciste infheistíochta malartach; — cuideachta bainistíochta; — soláthraí seirbhísí tuairiscithe sonraí;

Réimse sonraí	Tuairisc	Réimse éigeantach	Cineál réimse
			— gnóthas árachais agus athárachais; — idirghabhálaí árachais, idirghabhálaí athárachais agus idirghabhálaí árachais coimhdeach; — institiúid um sholáthar pinsean ceirde; — gníomhaireacht rátála creidmheasa; — riarthóir tagarmharcanna criticiúla; — soláthraí seirbhísí sluachistiúcháin; — stór urrúsúcháin.
4. Ainm an eintitis airgeadais	Ainm dlíthiúil iomlán an eintitis airgeadais a thugann fógra faoin gcibearbhagairt shuntasach.	Tá, má tá an t-eintiteas airgeadais éagsúil leis an eintiteas a bhfuil an fógra á chur isteach aige.	Alfa-uimhriúil
5. Cód LEI an eintitis airgeadais	Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI) an eintitis airgeadais a thugann fógra faoin gcibearbhagairt shuntasach, arna shannadh i gcomhréir leis an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Chaighdeánú.	Tá, má tá an t-eintiteas airgeadais a thugann fógra faoin gcibearbhagairt shuntasach éagsúil leis an eintiteas a chuireann an tuarascáil isteach	Cód uathúil alfa-uimhriúil 20 carachtar, bunaithe ar ISO 17442-1:2020
6. Ainm an phríomhth-eagmhálaí	Ainm agus sloinne phríomhtheagmhálaí an eintitis airgeadais.	Tá	Alfa-uimhriúil
7. Seoladh ríomhphoist an phríomhth-eagmhálaí	Seoladh ríomhphoist an phríomhtheagmhálaí is féidir leis an údarás inniúil a úsáid le haghaidh cumarsáid leantach.	Tá	Alfa-uimhriúil
8. Teileafón an phríomhth-eagmhálaí	Uimhir theileafóin an phríomhtheagmhálaí is féidir leis an údarás inniúil a úsáid le haghaidh cumarsáid leantach. Tuairisceofar an uimhir theileafóin leis na réimíreanna idirnáisiúnta uile (e.g. +33XXXXXXXXX)	Tá	Alfa-uimhriúil
9. Ainm an dara teagmhálaí	Ainm agus sloinne an dara teagmhálaí den eintiteas airgeadais nó den eintiteas a chuireann an tuarascáil isteach thar ceann an eintitis airgeadais	Tá, má tá ainm agus sloinne an dara teagmhálaí den eintiteas airgeadais nó den eintiteas a bhfuil an fógra á chur isteach aige le haghaidh an eintitis airgeadais ar fáil.	Alfa-uimhriúil

Réimse sonraí	Tuairisc	Réimse éigeantach	Cineál réimse
10. Seoladh ríomhphoist an dara teagmhálaí	Seoladh ríomhphoist an dara teagmhálaí nó seoladh ríomhphoist feidhmiúil na foirne is féidir leis an údarás inniúil a úsáid le haghaidh cumarsáid leantach, i gcás ina bhfuil sé ar fáil.	Tá, má tá seoladh ríomhphoist an dara teagmhálaí nó seoladh ríomhphoist feidhmiúil na foirne ar fáil ar féidir leis an údarás inniúil é a úsáid le haghaidh cumarsáid leantach.	Alfa-uimhriúil
11. Teileafón an dara teagmhálaí	Uimhir theileafóin an dara teagmhálaí is féidir leis an údarás inniúil a úsáid le haghaidh cumarsáid leantach, i gcás ina mbeidh sí ar fáil. Tuairisceofar an uimhir theileafóin leis na réimíreanna idirnáisiúnta uile (e.g. +33XXXXXXXXX)	Tá, má tá uimhir theileafóin an dara teagmhálaí is féidir leis an údarás inniúil a úsáid le haghaidh cumarsáid leantach ar fáil.	Alfa-uimhriúil
12. Dáta agus am braite na cibearbhag-artha	An dáta agus an t-am a tháinig an t-eintiteas airgeadais ar an eolas faoin gcibearbhagairt shuntasach.	Tá	ISO 8601 AUL caighdeánach (BBBB-MM-LL Auu: nn:ss)
13. Tuairisc ar an gcibearbhag-airt shuntasach	Tuairisc ar na gnéithe is ábhartha den chibearbhagairt shuntasach. Soláthróidh eintitis airgeadais an méid seo a leanas: (a) forléargas ardleibhéil ar na gnéithe is ábhartha den chibearbhagairt shuntasach; (b) na rioscaí gaolmhara a eascraíonn as, lena n-áirítear leochaileachtaí féideartha chórais an eintitis airgeadais ar féidir teacht i dtír orthu; (c) faisnéis faoin dóchúlacht go dtiocfaidh an chibearbhagairt shuntasach chun cinn; agus (d) faisnéis faoi fhoinse na faisnéise faoin gcibearbhagairt.	Tá	Alfa-uimhriúil
14. Faisnéis faoin tionchar a d'fhéadfadh a bheith ann	Faisnéis faoin tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an gcibearbhagairt ar an eintiteas airgeadais, ar a chliaint nó ar chontrapháirtithe airgeadais má tháinig an chibearbhagairt chun cinn	Tá	Alfa-uimhriúil
15. Critéir maidir le teagmhas a d'fhéadfadh a bheith ann a aicmiú	Na critéir aicmithe a d'fhéadfadh tuarascáil ar mhórtheagmhais a spreagadh dá dtiocfadh an chibearbhagairt chun cinn.	Tá	Rogha (ilrogha): — cliaint, contrapháirtithe airgeadais agus idirbhearta a ndéantar difear dóibh; — tionchar ar chlú; — fad agus aga neamhfhónaimh seirbhíse; — raon geografach; — caillteanais sonraí; — seirbhísí criticiúla a ndéantar difear dóibh; — tionchar eacnamaíoch.

Réimse sonraí	Tuairisc	Réimse éigeantach	Cineál réimse
16. Stádas na cibearbhagartha	Faisnéis faoi stádas na cibearbhagartha don eintiteas airgeadais agus faoi cé acu a tháinig nó nár tháinig aon athrú ar an ngníomhaíocht bhagartha. I gcás inar stop an chibearbhagairt de bheith ag cumarsáid le córais faisnéise an eintitis airgeadais, is féidir an stádas a mharcáil mar stádas neamhghníomhach. Má tá faisnéis ag an eintiteas airgeadais go bhfuil an bhagairt fós gníomhach i gcoinne páirtithe eile nó i gcoinne an chórais airgeadais ina iomláine, marcálfar an stádas mar stádas gníomhach.	Tá	Rogha: — gníomhach — neamhghníomhach
17. Gníomhaíochtaí a rinneadh chun teacht chun cinn a chosc	Faisnéis ardleibhéil faoi na gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an eintiteas airgeadais chun cosc a chur ar theacht chun cinn na gcibearbhagairtí suntasacha, más infheidhme.	Tá	Alfa-uimhriúil
18. Fógra a thabhairt do pháirtithe leasmhara eile	Faisnéis maidir le fógra a thabhairt faoin gcibearbhagairt d'eintitis nó d'údaráis airgeadais eile.	Tá, más rud é gur cuireadh eintitis nó údaráis airgeadais eile ar an eolas faoin gcibearbhagairt)	Alfa-uimhriúil
19. Táscairí comhréitigh	Faisnéis a bhaineann leis an mbagairt shuntasach a d'fhéadfadh cabhrú le gníomhaíocht mhailíseach a shainaithint laistigh de líonra nó de chóras faisnéise (Táscairí Comhréitigh, nó IoC), i gcás inarb infheidhme. Féadfar na catagóirí sonraí seo a leanas a áireamh sna táscairí comhréitigh arna soláthar ag an eintiteas airgeadais, ach gan a bheith teoranta dóibh: (a) seoltaí IP; (b) seoltaí URL; (c) fearainn; (d) haiseanna comhaid; (e) sonraí bogearraí mailíseacha (ainm bogearraí mailíseacha, ainmneacha comhaid agus a suíomhanna, eochracha clárlainne sonracha a bhaineann le gníomhaíocht bogearraí mailíseacha); (f) sonraí maidir le gníomhaíochtaí líonra (calafoirt, prótacail, seoltaí, atreoraithe, gníomhairí úsáideora, ceanntásca, logaí sonracha nó patrúin shainiúla i dtrácht líonra); (g) sonraí teachtaireachta ríomhphoist (seoltóir, faighteoir, ábhar, ceanntásc, ábhar); (h) Iarrataí DNS agus cumraíochtaí clárlainne; (i) gníomhaíochtaí cuntais úsáideora (logaí, gníomhaíocht faoi phribhléid cuntais úsáideora, géarú ar phribhléid); (j) trácht bunachar sonraí (léite/scríofa), iarrataí ar an gcomhad céanna. Féadfar a áireamh leis an gcineál sin faisnéise sonraí a bhaineann le táscairí lena ndéantar cur síos ar phatrúin i dtrácht líonra a chomhfhreagraíonn d'ionsaithe aitheanta/cumarsáid idirlín, seoltaí IP meaisíní atá ionfhabhtaithe le bogearraí mailíseacha (botaí), sonraí a bhaineann le freastalaithe 'ordaithe agus rialaithe' a úsáideann bogearraí mailíseacha (fearainn nó seoltaí IP de ghnáth), agus URLanna a bhaineann le suíomhanna fioscaireachta nó suíomhanna gréasáin a bhreathnaítear agus a óstálann bogearraí mailíseacha nó a shaothraíonn fearais.	Tá, má tá faisnéis ar fáil faoi tháscairí comhréitigh a bhaineann leis an gcibearbhagairt)	Alfa-uimhriúil
20. Faisnéis ábhartha eile	Aon fhaisnéis ábhartha eile faoin gcibearbhagairt shuntasach	Tá, más infheidhme agus má tá faisnéis eile ar fáil, nach gcumhdaítear sa teimpléad	Alfa-uimhriúil

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/302/oj
IO L, 20.2.2025